GA 2024

06

Tuarascáil speisialta

An tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc

Tairbheach do dhídeanaithe agus do phobail óstacha, ach ní dhearnadh tionchar agus inbhuanaitheacht a áirithiú go fóill





CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

Clár

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-X
Réamhrá	01-09
Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta	10-15
Barúlacha	16-108
Chuir an Coimisiún feabhas ar fheidhmiú FRIT trínár moltaí 2018 a chur chun feidhme	16-33
Chuir an measúnú ar riachtanais ó 2018 béim níos láidre ar bhonneagar bardasach agus ar thacaíocht shocheacnamaíoch	18
Rinne an Coimisiún líon na n-ionstraimí maoinithe a laghdú, rud a rinne cabhair a shruthlíniú agus a chuir feabhas ar chomhordú	19-20
Tá an Coimisiún ag obair de réir a chéile i dtreo tionscadal a thabhairt ar aghaidh d'údaráis na Tuirce	21-24
Chuir an Coimisiún feabhas suntasach ar éifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid	25-26
Rinne an Coimisiún iarracht feabhas a chur ar an timpeallacht oibriúcháin d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta) ach tá torthaí teoranta	27-28
Chuir an Coimisiún feabhas ar an gcreat faireacháin	29-33
Thug na tionscadail sa sampla aghaidh ar riachtanais na dtairbhithe, ach cuireadh moill orthu, agus ní dhearnadh measúnú córasach ar a gcostais	34-63
Rinneadh tionscadail a fhormheas ar bhealach tráthúil agus tugadh aghaidh ar riachtanais na dtairbhithe	35-48
Cuireadh moill shuntasach ar chur chun feidhme an tionscadail mar gheall ar chúiseanna éagsúla	49-53
Ní dhearna an Coimisiún measúnú córasach féachaint an raibh costais tionscadail réasúnta	54-63

Tugadh aschuir bheartaithe i gcrích go dtí seo, ach níltear ag díriú go leordhóthanach ar a dtionchar agus a n-inbhuanaitheacht **64-108**

Cé gur thug tionscadail aschuir i gcrích, bhí béim theoranta ar thionchar **65-86**

D'fhreagair an Coimisiún go pras chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na gcreathanna talún ar thionscadail FRIT **87-97**

Rinne an Coimisiún inbhuanaitheacht na dtionscadal bonneagair a áirithiú, ach ní dhearna sé é sin i gcás na tacaíochta socheacnamaíche; níl inbhuanaitheacht na dtionscadal suaitheanta oideachais agus sláinte ráthaithe go fóill **98-108**

Conclúidí agus moltaí **109-116**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Miondealú ar dhídeanaithe agus ar iarrthóirí tearmainn ón tSiria sa Tuirc amhail ó Nollaig 2023, de réir cúige

Iarscríbhinn II – Ranníocaíochtaí saoráide ón Aontas Eorpach, ó na Ballstáit agus ón Ríocht Aontaithe

Iarscríbhinn III – Tionscadail forbartha FRIT

Iarscríbhinn IV – Easpa rochtana ar shonraí maidir le hoideachas

Iarscríbhinn V – Obair leantach ar mholtaí a rinneadh roimhe seo i dTuarascáil speisialta 27/2018

Iarscríbhinn VI – Iniúchadh ar an gcóras bainistíochta sonraí

Iarscríbhinn VII – Moilleanna ar Chur Chun Feidhme

Iarscríbhinn VIII – Measúnú na dtionscadal

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

Foireann iniúchta

Achoimre feidhmiúcháin

I Is éard atá sa tSaoráid do dhídeanaithe sa Tuirc ná freagairt an Aontais ar ghlao na Comhairle Eorpaí ar chistiú breise suntasach chun tacú le dídeanaithe sa Tuirc. Is sásra é chun comhordú agus sruthlíniú a dhéanamh ar ranníocaíocht de €6 bhilliún ón Aontas agus a Bhallstáit. Clúdaíonn an tacaíocht gníomhaíochtaí daonnúla agus forbartha. Tá an tSaoráid ceaptha feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar chomhlántacht na tacaíochta a chuirtear ar fáil do dhídeanaithe agus pobail óstacha sa Tuirc.

II Rinneamar scrúdú ar bhainistiú an Choimisiúin ar an tSaoráid agus rinneamar measúnú féachaint ar úsáideadh na cistí go héifeachtach agus go héifeachtúil chun tacú le dídeanaithe agus le pobail óstacha. Rinneamar obair leantach freisin ar na moltaí a rinneadh i dtuarascáil speisialta a rinneamar in 2018, a dhírigh ar an tsraith dhaonnúil de FRIT. Roghnaíomar iniúchóireacht a dhéanamh ar an tSaoráid, de bhrí go bhfuil dídeanaithe ón tSiria á n-easáitiú go leanúnach, agus líon méadaitheach na n-imirceach neamhrialta atá ag teacht isteach sa Tuirc ón Afganastáin, ina ndúshláin méadaithe don chomhtháthú sóisialta idir dídeanaithe agus a bpobail óstacha, go háirithe i gcomhthéacs an choir chun sleabhctha eacnamaíoch sa Tuirc. Is é is aidhm don tuarascáil seo ná ionchur luachmhar a chur ar fáil don Choimisiún agus rannchuideodh sé le huirlisí faireacháin na Saoráide a neartú.

III Ar an iomlán, fuaireamar gur thug an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc tacaíocht ábhartha do dhídeanaithe agus do phobail óstacha i gcomhthéacs dúshlánach, agus go raibh moltaí 2018 uainn curtha chun feidhme ag an gCoimisiún. Tugadh aghaidh sna tionscadail a scrúdaíodh ar riachtanais na ndídeanaithe agus na bpobal óstach sna hearnálacha éagsúla tosaíochta, ach mar gheall ar chúiseanna éagsúla cuireadh moill shuntasach ar a gcur chun feidhme, agus ní dhearnadh scrúdú córasach ar chostais tionscadail. Cé gur tugadh na haschuir bheartaithe i gcrích, ní dhearnadh tomhas leordhóthanach ar thionchar na Saoráide agus ní dhearnadh inbhuanaitheacht a áirithiú ach amháin do thionscadail bhonneagair go dtí seo, agus ní do roinnt tionscadal in earnálacha an oideachais, na sláinte agus na tacaíochta socheacnamaíche.

IV Mar gheall ar mhaoiniú ón tSaoráid, rinneadh leithdháileadh tapa acmhainní airgeadais agus infheistíocht shuntasach a áirithiú chun an brú ar bhonneagar sláinte, oideachais agus bardasach atá ann cheana mar gheall ar mhórphlódú dídeanaithe a mhaolú. Rinneadh formhór na dtionscadal a fhormheas ar bhealach tráthúil.

V Chuir an Coimisiún na tionscadail chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach agus indíreach agus trí chineálacha éagsúla comhpháirtithe cur chun feidhme. Fuaireamar go raibh laigí i measúnú an Choimisiúin ar chostais tionscadail, ós rud é nach ndearna sé measúnú córasach ar réasúntacht na gcostas, costais chomhchosúla idir tionscadail éagsúla a chur i gcomparáid nó costas in aghaidh an tairbhí a ríomh.

VI Ar an iomlán, cuireadh na haschuir bheartaithe i gcrích sna hearnálacha éagsúla. San earnáil oideachais, áfach, níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar thionchar chistiú na Saoráide maidir le comhtháthú agus rath na leanaí dídeanaithe i gcóras oideachais na Tuirce. Níorbh fhéidir linn measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag tógáil scoileanna ar thairbhithe ach oiread. Sin mar gheall ar theorainneacha sna sonraí a chuir Aireacht Oideachais Náisiúnta na Tuirce ar fáil.

VII Chuir an Coimisiún bearta iomchuí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar na tionscadail a bhí á maoiniú faoin tSaoráid. Mar sin féin, bhí creataí tuairiscithe agus faireacháin deartha go ginearálta chun aschuir seachas na torthaí a thomhas. Ní raibh siad in ann tionchar na dtionscadal a thomhas mar gheall air sin, go háirithe na cinn sin san earnáil shocheacnamaíoch.

VIII Bhí tionchar suntasach ag na creathanna talún a tharla i bhFeabhra 2023 ar chur chun feidhme na dtionscadal a bhí á maoiniú faoin tSaoráid. Mar sin féin, ghníomhaigh an Coimisiún go tapa agus go héifeachtúil agus san anailís a rinne sé ar an tionchar sin.

IX Bhí an Coimisiún in ann inbhuanaitheacht na dtionscadal bonneagair a áirithiú. Níor áiríodh straitéis inbhuanaitheachta i dtionscadail in earnálacha eile, áfach, mar sin níl a n-inbhuanaitheacht chomh cinnte céanna. Cé go raibh feabhsuithe déanta ó 2018, táimid tagtha ar an gconclúid go bhféadfadh luach ar airgead níos fearr agus tionchar inléirithe a bheith bainte amach ag an tSaoráid.


X Déantar ceithre mholadh sa tuarascáil atá dírithe ar fheabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht gníomhaíochtaí amach anseo. Ba cheart don Choimisiún na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- feabhas a chur ar mheasúnú agus ar fhaireachán na gcostas;
- sonraí maidir le hoideachas a bhailiú ó údaráis na Tuirce maidir le dídeanaithe agus na pobail óstacha;
- tomhas ar thionchar na dtionscadal a fheabhsú;
- inbhuanaitheacht na dtionscadal a neartú.

Réamhrá

01 Is tír thábhachtach í an Tuirc mar gheall ar a shuíomh geografach maidir le glacadh agus idirthuras dídeanaithe a bhí ag dul chun na hEorpa. Agus thart ar 87 milliún duine ina gcónaí ann, tá breis agus 4 mhilliún dídeanaí cláraithe sa tír faoi láthair, lena n-áirítear níos mó ná 3.2 milliún dídeanaí ón tSiria (féach ***Fíor 1*** agus ***Iarscríbhinn 1***) agus níos mó ná 320 000 ón Afganastáin, ón Iaráic agus ón Iaráin. Ós rud é go bhfuil níos lú ná 5 % de dhídeanaithe ina gcónaí i gcampaí, bíonn tionchar suntasach ag a láithreacht ar phobail áitiúla, go háirithe sna cúigí atá gar do theorainn na Siria agus timpeall na bpríomhionad uirbeach.

Fíor 1 – Dáileadh Siriach faoi chosaint shealadach, de réir bliana



Nóta: Ní bhaineann na sonraí ach le dídeanaithe na Siria atá cláraithe.

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón Uachtaránacht ar Bhainistiú Imirce, an Tuirc.

02 Bunaíodh Saoráid an Aontais do Dhídeanaithe sa Tuirc (FRIT) ag deireadh 2015[1] mar fhreagairt ar ghlao na mBallstát do chistiú suntasach breise chun tacú le dídeanaithe sa tír. Is é is cuspóir dó ná sásra comhordúcháin a chur ar fáil don Aontas, atá cistithe ag buiséad an Aontais agus ranníocaíochtaí na mBallstát, chun cúnamh a chur in úsáid go pras, go héifeachtach agus go héifeachtúil do dhídeanaithe sa Tuirc. Tugtar an cúnamh sin ar an gcoinníoll go bhfuil an Tuirc ag cloí leis an bplean comhpháirteach gníomhaíochta idir an tAontas agus an Tuirc, a comhaontaíodh i nDeireadh Fómhair 2015[2], agus le ráiteas 2016 ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc[3].

03 Cuireadh an tSaoráid chun feidhme i gcomhthéacs an chaidrimh dhéthaobhaigh idir an tAontas agus an Tuirc atá ag dul in olcas ó 2016 i leith. Chuir an tAontas smachtbhannaí agus srianta i bhfeidhm ar an Tuirc mar gheall ar chúlú na tíre ar an smacht reachta agus ar chearta ríthábhachtacha, mar gheall ar an gcaidreamh atá aige ag dul in olcas le Ballstáit áirithe de chuid an Aontais, agus mar gheall ar a gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe sa Mheánmhuir Thoir. Ina theannta sin, níor tionóladh aon chruinniú de Chomhairle Comhlachais AE-Tuirc ó 2019 i leith.

04 Déanann FRIT €6 bhilliún a chomhordú san iomlán, a chuirtear ar fáil in dhá thráinse chomhionanna in 2016-2017 agus 2018-2019 faoi seach. Tá an buiséad oibríochtúil leithdháilte agus tugtha ar conradh ina iomláine, agus eisíocadh níos mó ná €5 bhilliún (féach ***Físr 2***). Tagann leath den €6 bhilliún ó bhuiséad an Aontais, agus tagann an leath eile ó ranníocaíochtaí na mBallstát (féach ***Iarscríbhinn II***).


---

[1] C 2015/9500, 24.11.2015.

[2] Plean gníomhaíochta idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc, Deireadh Fómhair 2015.

[3] Ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, 18 Márta 2016.

Fíor 2 – Cúnamh daonnúil agus cúnamh um fhorbairt a scoilteadh in aghaidh an tráinse (méideanna geallta i Nollaig 2023)



Nóta: Tá difríochtaí beaga sna hiomláin a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar shlánú.

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

05 Thacaigh an chéad tráinse de chistiú le tionscadail i réimsí tosaíochta na cabhrach daonnúla (bunriachtanais), an oideachais, na sláinte, an bhonneagair bhardasaigh agus na tacaíochta socheacnamaíche, a rabhthas ag súil leo i dtosach ag tráth nach déanaí ná lár 2021. Mar sin féin, cuireadh síneadh leis an spriocdháta don tráinse go dtí Meitheamh 2025 ina dhiaidh sin (féach ***Iarscríbhinn III***). I bhfianaise a fhadtréimhsí atá an ghéarchéim sa tSiria, dhírigh tionscadail faoin dara tráinse níos mó agus níos mó ar ghníomhaíochtaí tacaíochta socheacnamaíocha agus ar chruthú deiseanna slí beatha, ach gan faillí a dhéanamh ar riachtanais dhaonnúla leanúnacha. Chuir na creathanna talún i bhFeabhra 2023 isteach go mór ar chur chun feidhme tionscadal FRIT freisin.

06 Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe sa Tuirc ar bhealaí eile seachas FRIT freisin. I gcaitheamh thréimhse 2017-2023, leithdháil an tAontas thart ar €2 bhilliún i gcistiú rialta ón Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA) agus €535 mhilliún trí chabhair dhaonnúil (féach ***Fíor 3***). Thairis sin, d'áirithigh an Coimisiún go leanfar de phríomh-idirghabhálacha FRIT trí leithdháileadh breise €3 bhilliún le haghaidh tréimhse 2021-2023 (faoi IPA III, an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (NDICI – an Eoraip Dhomhanda), an Ionstraim um Chabhair Dhaonnúil (HUMA) agus na hionstraimí atá bainistithe ag an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile).

Fíor 3 – Cistiú an Aontais chun tacú le dídeanaithe sa Tuirc 2017-2023



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

07 De réir an Choimisiúin[4], is iad na príomhphrionsabail atá taobh thiar de chur chun feidhme FRIT ná luas, éifeachtúlacht agus éifeachtacht, agus bainistíocht fhónta airgeadais á háirithiú ag an am céanna. Tá inbhuanaitheacht idirghabhálacha FRIT agus comhúinéireacht ag údaráis na Tuirce ríthábhachtach freisin.

[4] An séú Tuarascáil bhliantúil maidir leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc, lch. 7.

08 Tá FRIT á rialú ag coiste stiúrtha a dhéanann na nithe seo a leanas: cuireann sé treoraíocht straitéiseach ar fáil; leagann sé síos tosaíochtaí foriomlána; cinneann sé na cineálacha gníomhaíochta a dtabharfar tacaíocht dóibh agus na hionstraimí atá le húsáid; tacaíonn sé le tionscadail; agus déanann sé comhordú, faireachán agus measúnú ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí. Tá an coiste faoi chathaoirleacht Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) agus Oibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta (AS ECHO) agus áirítear ionadaithe ó Bhallstáit an Aontais agus ón Ríocht Aontaithe ann.

09 Freastalaíonn an Tuirc ar na cruinnithe i gcáil chomhairleach. Roghnaítear tionscadail aonair ag an gCoimisiún, tar éis measúnú ar riachtanais a dhéanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na hionstraimí maoinithe atá le cur in úsáid. D'fhéadfaí iad a chur chun feidhme, faoi bhainistíocht indíreach, ag gníomhaireachtaí NA, eagraíochtaí neamhrialtasacha, gníomhaireachtaí forbartha Bhallstáit an Aontais, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó institiúidí airgeadais. Cuireann údaráis na Tuirce tionscadail neamhdhaonnúla chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin.

Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

10 Rinneamar scrúdú ar bhainistiú an Choimisiúin ar FRIT agus é mar aidhm againn measúnú a dhéanamh féachaint ar úsáideadh na cistí chun tacú le dídeanaithe agus le pobail óstacha go héifeachtach agus go héifeachtúil. Go sonrach, rinneamar measúnú féachaint:

(a) ar chuir an Coimisiún na sé mholadh chun feidhme a rinneamar i dTuarascáil speisialta 27/2018 uainn (díríodh ar shnáithe daonnúla FRIT) agus, tríd an méid sin a dhéanamh, ar chuir sé feabhas ar bhainistiú FRIT.

(b) an raibh na gníomhaíochtaí forbartha curtha chun feidhme ag an gCoimisiún go héifeachtúil.
Rinneamar measúnú féachaint an raibh tionscadail forbartha curtha chun feidhme ag an gCoimisiún ar bhealach tráthúil agus an ndearna sé anailís ar na cúiseanna do mhoilleanna, chomh maith leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh. Rinneamar scrúdú freisin féachaint ar thug na tionscadail forbartha aghaidh ar riachtanais tairbhithe, agus féachaint an raibh na costais tionscadail réasúnta.

(c) an raibh a gcuspóirí bainte amach ag gníomhaíochtaí forbartha FRIT.
Rinneamar measúnú féachaint ar bhain na tionscadail amach a n-aschuir agus na torthaí a rabhthas ag súil leo agus conas a dhéanfaí iad a choinneáil. Ina theannta sin, rinneamar measúnú ar thorthaí na gcreathanna talún ó Fheabhra 2023 ar thionscadail FRIT, agus ar fhreagairt an Choimisiúin.

11 Roghnaíomar iniúchóireacht a dhéanamh ar FRIT, de bhrí go bhfuil dídeanaithe ón tSiria á n-easáitiú go leanúnach, agus líon méadaitheach na n-imirceach neamhrialta atá ag teacht isteach sa Tuirc ón Afganastáin, ina ndúshláin méadaithe don chomhtháthú sóisialta idir dídeanaithe agus a bpobail óstacha, go háirithe i gcomhthéacs an choir chun sleabhctha eacnamaíoch sa Tuirc. Tar éis na gcreathanna talún i bhFeabhra 2023, tá na dúshláin agus an teannas a bhaineann le dídeanaithe sa Tuirc ag dul i méid fós. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm dár dtuarascáil ná ionchur luachmhar a chur ar fáil don Choimisiún chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na dtionscadal a bhfuil tacaíocht fós á fáil acu ó chistiú FRIT nó ó leithdháileadh breise de €3 bhilliún. Thairis sin, cuirfidh sé le huirlisí faireacháin na Saoráide a neartú.

12 Rinneamar an t-iniúchadh idir Nollaig 2022 agus Iúil 2023. Roghnaíomar 14 (de 47) thionscadal forbartha bunaithe ar a n-ábharthacht, agus é mar aidhm leo na príomhréimsí tosaíochta FRIT agus cineálacha éagsúla comhpháirtithe cur chun feidhme a chlúdach. Áiríodh tionscadail atá idir lámha agus tionscadail tugtha chun críche sa sampla (***Iarscríbhinn III***). Lig sé sin dúinn measúnú a dhéanamh ar bhaint amach aschuir agus torthaí agus chun na cúiseanna le moilleanna agus easnaimh a shainaithint, agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhaíocht cheartaitheach a rinne an Coimisiún, lena n-áirítear gníomhaíocht chun inbhuanaitheacht na dtorthaí a áirithiú.

13 Níor cuireadh an €3 bhilliún (féach mír ***06***) i gcistiú iar-FRIT san áireamh go díreach inár scóip iniúchóireachta. Mar sin féin, mheasamar na cistí sin agus scrúdú á dhéanamh againn ar inbhuanaitheacht thionscadail FRIT a maoiníodh faoin dara tráinse agus tionchar chreathanna talún Feabhra 2023 ar thionscadail FRIT.

14 Áiríodh san iniúchadh athbhreithnithe doiciméad agus agallaimh le ranna éagsúla de chuid an Choimisiúin, le toscaireacht an Aontais in Ankara, le roinnt ionadaithe de Bhallstáit an Aontais chuig an gcoiste stiúrtha, le húdaráis na Tuirce, le comhpháirtithe cur chun feidhme, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (a roghnaítear bunaithe ar a rannpháirtíocht i dtionscadail de chuid an Aontais sa Tuirc) agus leis na tairbhithe deiridh. Thugamar cuairt ar 13 as na 14 thionscadal inár sampla le linn ár misin ar an láthair i Meitheamh 2023.

15 Níor chuir Aireacht Oideachais na Tuirce sonraí ar fáil dúinn maidir le líon na leanaí ón tSiria agus líon na leanaí ó na pobail óstacha in aghaidh na scoile (féach míreanna ***69*** go dtí ***71***). Níor chuir sé rochtain ar fáil dúinn ach oiread ar liosta na scoileanna a áirítear faoin tionscadal 'Lánpháirtiú Leanaí Siriacha a chur chun cinn i gCóras Oideachais na Tuirce' (PICTES), ná ar shonraí faoi ráta pas na ndídeanaithe i gcomparáid le ráta pas na bpobal óstach nó ar líon na leanaí lasmuigh den scoil a ndearnadh iad a ath-lánpháirtiú sa chóras oideachais a bhuí le tacaíocht ó PICTES (féach ***Iarscríbhinn IV***). Is ionann sin agus teorainn shuntasach dár n-iniúchadh, ós rud é go gciallaíonn sé nach féidir linn teacht ar chonclúid maidir le tionchar na dtionscadal oideachais FRIT a sampláladh.

Barúlacha

Chuir an Coimisiún feabhas ar fheidhmiú FRIT trínár moltaí 2018 a chur chun feidhme

16 Rinneamar measúnú féachaint an raibh na moltaí curtha chun feidhme ag an gCoimisiún a rinneamar i dTuarascáil speisialta 27/2018 uainn agus, tríd an méid sin a dhéanamh, ar chuir sé feabhas ar bhainistiú FRIT. Mholamar don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais na ndídeanaithe do bhonneagar bardasach agus tacaíocht shocheacnamaíoch;

(b) feabhas a chur ar an gcuíchóiriú agus ar chomhlántacht na cabhrach;

(c) straitéis a chur chun feidhme don aistriú ón gcabhair dhaonnúil go cabhair um fhorbairt;

(d) feabhas a chur ar éifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid;

(e) aghaidh a thabhairt le húdaráis na Tuirce ar an ngá atá le feabhas a chur ar an timpeallacht oibriúcháin le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta);

(f) faireachán agus tuairisciú a uas-scálú.

17 Sna míreanna seo a leanas, tuairiscímid ar an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún maidir leis na moltaí thuas a chur chun feidhme (féach ***Iarscríbhinn V*** freisin).

Chuir an measúnú ar riachtanais ó 2018 béim níos láidre ar bhonneagar bardasach agus ar thacaíocht shocheacnamaíoch

18 I gcomparáid leis an measúnú ar riachtanais don chéad tráinse, tugadh aghaidh ar bhealach níos fearr i measúnú riachtanais nuashonraithe FRIT (i Samhain 2018) ar na riachtanais a sainaithníodh sna réimsí tosaíochta 'bonneagar bardasach' agus 'tacaíocht shocheacnamaíoch' agus a sonraíodh ar bhealach níos mionsonraithe an ghníomhaíocht atá le déanamh. Mar a mholamar, leag an Coimisiún amach leithdháileadh táscach ciste le haghaidh gach réimse tosaíochta, leithdháileadh a comhaontaíodh idir AS NEAR agus AS ECHO. Chuir an Coimisiún deireadh freisin le bainistiú imirce mar cheann de réimsí tosaíochta FRIT sa dara tráinse, go príomha toisc go gclúdaíonn cistiú IPA an réimse sin lasmuigh de FRIT.

Rinne an Coimisiún líon na n-ionstraimí maoinithe a laghdú, rud a rinne cabhair a shruthlíniú agus a chuir feabhas ar chomhordú

19 Tá an dara tráinse FRIT á chur chun feidhme trí dhá ionstraim, seachas cúig ionstraim le linn an chéad tráinse. Chabhraigh sé sin leis an gcúnamh a shruthlíniú agus tháinig comhordú níos fearr as mar thoradh air sin. Tá deighilt shoiléir ann idir AS NEAR agus AS ECHO maidir le cistiú agus freagrachtaí, rud a dhéantar a dhoiciméadú i gcomhphlean cur chun feidhme agus i nóta maidir le forbairt inbhuanaithe.

20 Tá toscaireacht an Aontais freagrach as tionscadail forbartha FRIT a chur chun feidhme, ach tá Oifig Réimse AS ECHO freagrach as tionscadail dhaonnúla FRIT a chur chun feidhme. Chuige sin, comhordaíonn an dá cheann acu le deontóirí eile. Bíonn cruinnithe comhordúcháin ann arís agus arís eile le hambasáidí agus gníomhaireachtaí forbartha Bhallstáit an Aontais. Thairis sin, tionóltar cruinnithe grúpa earnála sa Tuirc le haghaidh gach réimse idirghabhála.

Tá an Coimisiún ag obair de réir a chéile i dtreo tionscadal a thabhairt ar aghaidh d'údaráis na Tuirce

21 Léiríodh an t-aistriú béime idir an chéad tráinse agus an dara tráinse ó chabhair dhaonnúil go cúnamh forbartha sna hinfheistíochtaí breise i mbonneagar bardasach, i bhforbairt shocheacnamaíoch agus i ngníomhaíochtaí comtháthaithe. Ina theannta sin, rinneadh tionscadail FRIT faoin dara tráinse a chlársceidealú agus a chur chun feidhme agus é mar aidhm leo tacú le gníomhaíochtaí daonnúla agus forbartha údaráis na Tuirce, ar bhonn fadtéarmach, agus béim ar chomhtháthú inbhuanaithe dídeanaithe.

22 D'ullmhaigh an Coimisiún nóta ar aistriú inbhuanaithe (Bealtaine 2019), inar sainaithníodh i gceart go mbeidh gá le tuilleadh infheistíochta ó bhuiséad náisiúnta na Tuirce agus ó dheontóirí eile chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo. Bhí toscaireacht na Tuirce sa choiste stiúrtha i gcoinne an téarma 'aistriú inbhuanaithe' áfach, áitíonn siad gur cheart go mbeadh an bhéim ar chomhroinnt chothrom an ualaigh leis an Aontas.

23 Ag cruinniú na Comhairle Comhlachais i Márta 2019, d'iarr an Tuirc tacaíocht bhreise ón Aontas nuair a tháinig deireadh leis an dara tráinse. Chomhaontaigh an Coimisiún, go luath in 2019, tráinse breise de chistiú daonnúil dar luach €535 mhilliún, lenar cuireadh síneadh le tionscadal suaitheanta FRIT maidir le Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála (ESSN). Thairis sin, tar éis na gconclúidí ón gComhairle Eorpach i Meitheamh 2021, leithdháil an tAontas €3 bhilliún ar dhídeanaithe sa Tuirc do 2021-2023. Áirithítear leis an gcistiú breise sin go leanfar de phríomh-idirghabhálacha FRIT.

24 Ag an am céanna, agus d'ainneoin drogall na Tuirce, chuir AS NEAR dlús lena iarrachtaí ceangal a chur ar údaráis na Tuirce leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe tar éis dheireadh FRIT. Aistríodh an tAistriú Coinníollach Airgid le haghaidh Oideachais (CCTE) agus tionscadail dhaonnúla ESSN ó AS ECHO go dtí AS NEAR faoi seach in 2022 agus in Iúil 2023. Trí thionscadail forbartha a dhéanamh díobh, is féidir na tionscadail sin a thabhairt ar aghaidh de réir a chéile d'údaráis na Tuirce agus iad a chomhtháthú ina gcórais náisiúnta. Thairis sin, chuir an Coimisiún critéir incháilitheachta níos déine i bhfeidhm do thairbhithe cúnaimh airgid, agus é mar aidhm leis tosaíocht níos fearr a thabhairt do na daoine sin is mó atá i ngátar.

Chuir an Coimisiún feabhas suntasach ar éifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid

25 Chuir an Coimisiún feabhas ar éifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid trí chéatadán na gcostas iomlán tionscadail is féidir a éileamh mar chostais indíreacha a laghdú (uasmhéid 7 %), trí dheireadh a chur le híocaíocht táille aistrithe airgid leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme áitiúil, agus trí íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a ailíniú le riachtanais an tionscadail. Mhéadaigh na hiarrachtaí sin éifeachtúlacht na dtionscadal agus d'fhág sé sin go raibh coigiltis de thart ar €65 mhilliún ann (féach ***Fíor 4***).


Fíor 4 – Costais indíreacha agus coigilteas tionscadal cúnaimh airgid

	ESSN 1	ESSN 2	ESSN 3	C-ESSN	
	Cabhair dhaonnúil	*Cabhair dhaonnúil*	*Cabhair dhaonnúil*	*Cabhair um fhorbairt*	
Comhpháirtí cur chun feidhme	An Clár Domhanda Bia	An Clár Domhanda Bia	Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg	An Aireacht Teaghlaigh, Saothair agus Seirbhísí Sóisialta	
Costais chur chun feidhme	329 393 590	940 219 285	1 179 844 231	231 919 727	
Costais Indíreacha Theoiriciúla (7 % ESSN 1 agus 6.5 % le haghaidh ESSN 2 agus 3 agus C-ESSN)	23 057 551	61 114 253	76 689 875	15 074 782	
Ráta indíreach (iarbhír)	**7.00 %**	**6.50 %**	**3.85 %**	**2.64 %**	
Costas indíreach iarbhír	23 057 551	61 114 253	45 405 769	6 122 681	135 700 254
Coigilteas ar Chostas Indíreach (Teoiriciúil – Iarbhír)	-	-	31 284 106	8 952 101	40 236 207
Coigiltí Táille Aistrithe Airgid	2 666 827	8 884 958	11 135 892	1 966 971	24 654 648
Coigilteas Iomlán	2 666 827	8 884 958	42 419 998	10 919 072	**64 890 855**

Eochair:

Costais iarbhír (in euro)
Costais arna mbuiséadú (in euro)

(méideanna ina milliúin euro)



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

26 I bhfianaise luach iomlán na dtionscadal, bhí costais indíreacha suntasacha fós ann i ndearbhthéarmaí. Mar sin féin, aithnímid iarrachtaí an Choimisiúin, lenar baineadh amach torthaí nithiúla ó thaobh coigiltis de (féach ***Bosca 1*** agus mír ***61***).

Bosca 1

Laghdú na teorann maidir le costais indíreacha don dara tráinse

I bhforálacha an Chreat-Chomhaontaithe Airgeadais agus Riaracháin idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe, leagtar síos uasmhéid de 7 % de chostais indíreacha. Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht a chúnaimh, sheol an Coimisiún glaonna ar thograí i Nollaig 2018 le teorainn de 4 % ar chostais indíreacha.

Ina dhiaidh sin, ní dhearna roinnt gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe iarratas ar thionscadail forbartha faoin dara tráinse FRIT, nó chinn siad iarratas a dhéanamh le costais indíreacha 7 %, rud a chiallaíonn gur measadh a n-iarratais a bheith neamh-incháilithe.

Cuireadh an teorainn de 4 % i bhfeidhm, áfach, go trédhearcach agus go cothrom maidir leis na comhpháirtithe féideartha go léir. Bhí an Coimisiún in ann dá bhrí sin gach tionscadal FRIT a chonradh (faoin dara tráinse) le comhpháirtithe cur chun feidhme éagsúla ar an íosteorainn sin.

Rinne an Coimisiún iarracht feabhas a chur ar an timpeallacht oibriúcháin d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta) ach tá torthaí teoranta

27 De réir thuarascáil tíre ón gCoimisiún maidir leis an Tuirc[5], chuaigh an timpeallacht oibriúcháin le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta) in olcas ó 2018. Baineadh úsáid as ceanglais a tugadh isteach i ndlí 2020[6] i gcoinne iomadú na n-arm ollscriosta a mhaoiniú ag údaráis na Tuirce chun díriú ar eagraíochtaí neamhspleácha um chearta an duine. Thairis sin, i nDeireadh Fómhair 2021, d'eisigh Aireacht Gnóthaí Baile ciorclán lena leasaítear an dlí maidir le comhlachais. Dá bhrí sin, rinneadh iniúchóireacht ar go leor cearta an duine, lena n-áirítear na cinn sin a fhaigheann cistí idirnáisiúnta. Deirtear sa tuarascáil gur cúlchéimniú ó dhlí bhunaigh 2004 é an dlí reatha ar chomhlachais, dá bhrí sin, agus go gcuireann sé go leor bealaí ar fáil don Aireacht Gnóthaí Baile chun bheith ag díriú ar Eagraíochtaí Neamhrialtasacha.

---

[5] An Coimisiún Eorpach, SWD (2023) 696, Tuarascáil 2023 an Tuirc, lch. 39.

[6] Airteagal 9 agus Airteagal 13.

28 Tugadh aghaidh ar shaincheist oibriúcháin Eagraíochtaí Neamhrialtasacha roinnt uaireanta i gcruinnithe coistí stiúrtha, cruinnithe Comhairle agus idirphlé ardleibhéil polaitiúil, agus le linn cuairteanna ón gCoimisiún go dtí an Tuirc. Níor tháinig toradh dearfach as sin, áfach.

Chuir an Coimisiún feabhas ar an gcreat faireacháin

29 Chuir an Aireacht um Sheirbhísí Teaghlaigh agus Sóisialta rochtain ar fáil dúinn ar shonraí maidir le tairbhithe tionscadal cúnaimh airgid nuair a bhí obair iniúchóireachta ar siúl againn don ráiteas dearbhaithe. Mar sin féin, tá srianta rochtana fós ann do chomhpháirtithe cur chun feidhme, rud a chuireann srian ar a roghanna faireacháin.

30 Tháinig creat na dtorthaí athbhreithnithe, rud a d'fhorbair an Coimisiún i gcomhairle le comhpháirtithe cur chun feidhme lena n-áirítear údaráis na Tuirce, i mbun feidhmíochta in Iúil 2020. Dheimhnigh ár n-athbhreithniú ar an gcreat agus ar na tuarascálacha ilbhliantúla na feabhsuithe a rinneadh ó 2018. Déanann an creat tuairiscithe faireachán ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo 43 sprioc ó 7 réimse tosaíochta FRIT lena mbaint amach, trí úsáid a bhaint as 123 táscaire san iomlán.

31 Tá creat na dtorthaí á bhainistiú ag an tionscadal 'Tacaíocht don Fhaireachán a dhéanamh ar Ghníomhaíochtaí a Mhaoinítear faoin tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc' (SUMAF). Bailíonn agus tuairiscíonn SUMAF sonraí maidir le feidhmíocht FRIT, lena n-áirítear ar gharspriocanna agus spriocanna. Faigheann sé na sonraí sin óna gheallsealbhóirí: AS ECHO, AS NEAR, toscaireacht an Aontais agus na comhpháirtithe cur chun feidhme.

32 Tá uirlisí forbartha ag SUMAF chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn FRIT agus ar thorthaí le haghaidh garspriocanna agus spriocanna. Ar an gcéad dul síos, tacaíonn an Córas Bainistithe Sonraí le SUMAF i ndáil le sonraí maidir le creat torthaí FRIT a bhainistiú agus a thuairisciú, misin a phleanáil agus tabhairt fúthu chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí FRIT, agus chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme moltaí a thagann as na misin sin. Ar an dara dul síos, déanann an Córas Bailithe agus Bainistíochta Sonraí stádas an phróisis tuairiscithe ráithiúil a rianú agus cuireann sé tuarascálacha táscaire ar dhul chun cinn ar fáil. Ina theannta sin, tá uirlis seiceála sonraí a dhéanann seiceálacha uathoibrithe ar iomláine agus ábharthacht sonraí a fhaightear ó chomhpháirtithe chur chun feidhme roimh thuairisciú.

33 Rinneamar iniúchóireacht ar chóras faisnéise SUMAF chun dearbhú a fháil maidir le beachtas agus iomláine na faisnéise a thuairiscítear trí SUMAF. Go háirithe, rinneamar measúnú ar rialuithe ginearálta an chórais agus ar shláine, infhaighteacht agus rúndacht na sonraí atá sa chóras. Tagaimid ar an gconclúid go bhfuil rialuithe leormhaithe ag SUMAF i bhformhór na réimsí a scrúdaíodh. Tá laigí ann, áfach, i ndáil le bainistiú rochtana úsáideoirí, slándáil faisnéise agus rialuithe feidhmchláir, rud a spreagann rioscaí maidir le crioscaíl sonraí, sceitheadh sonraí, rochtain neamhúdaraithe ar an gcóras, athruithe mailíseacha ar shonraí agus neamh-infhaighteacht an chórais. Déantar achoimre ar na laigí a sainaithníodh, agus na bearta a rinne an Coimisiún cheana féin chun iad a leigheas in ***Iarscríbhinn VI***.

Thug na tionscadail sa sampla aghaidh ar riachtanais na dtairbhithe, ach cuireadh moill orthu, agus ní dhearnadh measúnú córasach ar a gcostais

34 Rinneamar measúnú féachaint ar chuir an Coimisiún tionscadail FRIT chun feidhme ar bhealach tráthúil, féachaint ar thug tionscadail aghaidh ar riachtanais na dtairbhithe, agus an raibh costais tionscadail réasúnta (i.e. i gcomhréir le dálaí margaidh nó inchomparáide le tionscadail chomhchosúla nó tionscadail roimhe seo). Sna míreanna thíos, scrúdaíomar an méid seo a leanas:

(a) agus tacaíocht á clársceidealú aige, ar chuir an Coimisiún riachtanais na dtairbhithe san áireamh agus ar thug sé tús áite do thionscadail dá réir sin;

(b) an ndearnadh tionscadail a fhormheas ar bhealach tráthúil;

(c) ar cuireadh tionscadail chun feidhme mar a bhí beartaithe;

(d) an ndearna an Coimisiún measúnú córasach ar réasúntacht na gcostas tionscadail agus riaracháin, lena n-áirítear comparáidí costais le tionscadail chomhchosúla nó le tionscadail roimhe sin nuair is indéanta.

Rinneadh tionscadail a fhormheas ar bhealach tráthúil agus tugadh aghaidh ar riachtanais na dtairbhithe

Formheas clársceidealaithe agus tionscadail

35 Bhí na cúigí i ndeisceart agus in oirdheisceart na Tuirce i mbaol mórphlódú dídeanaithe ón tSiria (féach ***Iarscríbhinn I***). Chruthaigh sé sin brú suntasach ar an mbonneagar sláinte, oideachais agus bardasach atá ann cheana, rud a d'fhág go raibh ganntanas ann ó thaobh oibrithe cúraim sláinte, trealamh leighis, leapacha ospidéil agus scoileanna agus múinteoirí don phobal ar fad – idir phobail óstacha agus dhídeanaithe. Bhí infheistíocht thapa agus shubstainteach ag teastáil ón mórphlódú dídeanaithe chun teannas sna córais sláinte agus oideachais agus ar an margadh saothair a sheachaint. Thug tionscadail a fuair cistiú ó FRIT aghaidh ar an riachtanas sin.

36 Bhunaigh an Coimisiún a chlársceidealú ar thacaíocht FRIT ar na measúnuithe ar riachtanais ó 2016 agus ó 2018. Mheas an Coimisiún na cuspóirí a liostaítear do gach earnáil tosaíochta agus bhain sé úsáid as modheolaíocht shoiléir le gach cuspóir agus critéir oibiachtúla agus thrédhearcacha.

37 Bhí gach tionscadal a scrúdaíodh formhuinithe ag an gcoiste stiúrtha mar a bhí beartaithe. Bhí siad go léir i gcomhréir leis na tosaíochtaí a sainaithníodh ag na measúnuithe ar riachtanais 2016 agus 2018. Maoinítear gach tionscadal faoin IPA agus is cuid de bhearta speisialta na hionstraime iad. Bhí sé i gceist le dátaí tosaigh na dtionscadal agus le dátaí deiridh a measadh a bheadh ann ar dtús a áirithiú go dtabharfaí aghaidh ar riachtanais na dtairbhithe in am trátha.

Riachtanais a dtugadh aghaidh orthu i ngach earnáil tosaíochta

38 Roghnaíodh gach tionscadal sampláilte chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na dtairbhithe sna hearnálacha éagsúla. Mar sin féin, i bhfianaise scála na ndúshlán do dhídeanaithe, ní raibh na tionscadail in ann freastal ar riachtanais na dtairbhithe uile.

<u>Oideachas</u>

39 Le haghaidh tionscadal PICTES, roghnaíodh na scoileanna ar tugadh tacaíocht dóibh bunaithe ar mheasúnuithe ar riachtanais a rinne Aireacht Oideachais Náisiúnta na Tuirce. Níor cuireadh liosta na scoileanna a roghnaíodh in iúl don Choimisiún, áfach agus dá bhrí sin ní rabhamar in ann a chinneadh ar comhlíonadh riachtanais na ndídeanaithe go leormhaith. Thairis sin, roghnaíodh scoileanna ag tús an tionscadail, rud a chiallaíonn nár cuireadh aon ghluaiseacht thánaisteach dídeanaithe san áireamh le linn chur chun feidhme an tionscadail. Cuireadh na saincheisteanna sin ina gceart sa ghlúin de thionscadail PIKTES a bhí ann ina dhiaidh sin.

40 Ina theannta sin, níl an tionscadal sách mór chun riachtanais na dtairbhithe go léir a chlúdach. Níl líon leordhóthanach múinteoirí ná scoileanna sa Tuirc chun 1 mhilliún leanbh is dídeanaithe a lánpháirtiú i gcóras oideachais na Tuirce. De réir sonraí a fuarthas ón mBanc Domhanda, ní raibh ach 65 % de dhaltaí Siriacha a raibh oideachas foirmiúil de dhíth orthu ar scoil amhail ó Eanáir 2023.

Sláinte

41 Roghnaíodh na hionaid sláinte imirceach a mhaoinítear faoin tionscadal Tacú le Seirbhísí Sláinte Imirceach sa Tuirc (SIHHAT I) bunaithe ar mheasúnú ar riachtanas a rinne Aireacht Sláinte na Tuirce. Shonraigh an measúnú sin go raibh aonad sláinte imirceach (MHU) ag teastáil in aghaidh an 4 000 dídeanaí. Is ionann an caighdeán sin agus an caighdeán a úsáidtear d'ionaid sláinte teaghlaigh na Tuirce.

42 Tugann sonraí a bhailigh an Aireacht le fios gur fearr le náisiúnaigh na Tuirce dul go díreach chuig ospidéil agus, dá bhrí sin, go n-úsáideann siad ionaid sláinte thart ar a leath an oiread sin agus a úsáideann Siriaigh iad. Os a choinne sin, is fearr le Siriaigh dul chuig na hionaid sláinte ar an gcéad dul síos mar gheall ar an mbacainn teanga a bhíonn acu sna hospidéil. Dá bhrí sin, is mó riachtanas iarbhír na Siria do na hionaid sláinte níos mó ná mar atá ag na pobail óstacha. Chinn an rialtas an caighdeán céanna a chur i bhfeidhm, áfach, seachas idirdhealú a dhéanamh idir daoine de náisiúntacht na Siria agus na Tuirce.

43 Le linn chur chun feidhme an tionscadail SIHHAT, níor tugadh aghaidh iomlán i gcónaí ar riachtanais mhuintir na Siria mar gheall ar an méadú leanúnach atá tagtha ar an daonra sin ar fud na gcúigí. Bunaithe ar shonraí na gcomhairliúchán i gcaitheamh thréimhse 2017-2022, thugamar ar aire go raibh acmhainneacht iarbhír leordhóthanach in 2017, seachas i gcúige Kilis. Ní raibh an acmhainneacht leordhóthanach i gcúigí éagsúla áfach, in 2018 agus 2019. In 2020 agus 2021, bhí líon MHUnna leordhóthanach, mar gheall go príomha ar leibhéal íseal comhairliúchán mar thoradh srianta COVID-19. Ó 2022 ar aghaidh, níor leor an acmhainneacht iarbhír arís i 25 cinn de na 30 cúige spriocdhírithe.

44 Faoin tionscadal 'Bonneagar Sláinte do Chách a Neartú' (SHIFA), thugamar ar aire go bhfuil ionaid sláinte teaghlaigh do na pobail óstacha á maoiniú freisin. Tá spás atá le húsáid ag na pobail óstacha amháin i bhformhór mór na n-ionad sláinte imirceach (leathnaithe). Tá sé ina rún ag an Aireacht go mbeadh na hionaid sin ina n-ionaid sláinte teaghlaigh do na pobail óstacha agus do dhídeanaithe, ach le saoráidí atá scartha óna chéile. Is fiú €26 mhilliún (29 % de bhuiséad an tionscadail) é tógáil codanna Turcacha de na hionaid sláinte.

Tacaíocht shocheacnamaíoch

45 I gcás tionscadail tacaíochta shocheacnamaíche, bhí líon na dtairbhithe bunaithe ar na buiséid a bhí ar fáil, rud a d'fhág nach rabhthas in ann tacaíocht a thabhairt ach do líon teoranta tairbhithe féideartha. Maidir le tionscadal 6 (féach ***Iarscríbhinn III*** d'uimhreacha tagartha tionscadail), rinne níos mó ná 20 % de na mic léinn ar tugadh tacaíocht dóibh cúrsa baitsiléara fiú i gceantair nach raibh i gcomhréir leis an anailís ar mhargadh an tsaothair a choimisiúnaigh an comhpháirtí cur chun feidhme agus, dá bhrí sin, is lú seans go mbeidh fostaíocht ina dhiaidh sin mar thoradh air. Ina theannta sin, ní raibh tionscadal 7 ar scála a bhí ag meaitseáil riachtanais na dtairbhithe, ós rud é gur cuireadh tús lena ghníomhaíochtaí sular tugadh an anailís ar an margadh saothair i gcrích.

46 Ní raibh miondealú mionsonraithe ar na costais ná ar na gníomhaíochtaí sa bhuiséad don tionscadal *'Tacaíocht don aistriú chuig margadh an tsaothair'*. Dá bhrí sin, ní raibh acmhainní leordhóthanacha ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a dhírigh an tionscadal ar riachtanais na ndídeanaithe agus an raibh an cóimheas idir dídeanaithe agus baill de na pobail óstacha a bhfuil tacaíocht á fáil acu iomchuí. Ar an gcaoi chéanna, níor cheistigh an Coimisiún an sprioc íseal a leagadh síos (20 % de na tairbhithe atá le fostú tar éis clár gníomhach mhargadh an tsaothair a thabhairt i gcrích) chun Siriaigh a lánpháirtiú i margadh foirmiúil an tsaothair.

Bonneagar bardasach

47 Tá an dá thionscadal ar bhonneagar bardasach comhlántach de bhrí go bhfuil a gcumhdach geografach éagsúil. Baineann an tionscadal le suiteáil píopaí séarachais agus le tógáil gléasraí cóireála fuíolluisce. Roghnaíodh na suíomhanna a chlúdaigh tionscadal 10 ar bhonn staidéar leochaileachta chun na bardais agus tairbhithe is mó i ngátar a shainaithint. Bhí moltaí chun feabhas a chur ar dhearadh agus cur chun feidhme an tionscadail sna staidéir. Tá acmhainneacht an tionscadail i gcomhréir dá bhrí sin le daonra na ndídeanaithe agus daonra na bpobal óstach.


48 Mar sin féin, ní dhearna an comhpháirtí cur chun feidhme do thionscadal 13 aon staidéir leochaileachta do na tionscadail bhonneagair bhardasacha a chuir sé chun feidhme. Chinn banc náisiúnta forbartha agus infheistíochta na tosaíochtaí infheistíochta sa bhonneagar, i gcomhairle leis na bardais, bunaithe ar an daonra méadaithe mar gheall ar insreabhadh na ndídeanaithe.

Cuireadh moill shuntasach ar chur chun feidhme an tionscadail mar gheall ar chúiseanna éagsúla

Cur chun feidhme

49 Mar a mhínítear thíos, tháinig moilleanna suntasacha chun cinn i ngach ceann de na tionscadail inár sampla, seachas ceann amháin, le linn a gcur chun feidhme (féach ***Fíor 5***). Níor cuireadh tús fiú amháin le cur chun feidhme go leor tionscadal faoin dara tráinse (a bhí ceaptha le tosú in 2018-2019) go dtí 2021. Ar an gcaoi chéanna, lean roinnt tionscadal a cistíodh faoin gcéad tráinse ar aghaidh tar éis dheireadh 2023. Mar gheall ar na creathanna talún i bhFeabhra 2023, ní bheidh roinnt tionscadal (tionscadail bhonneagair bhardasacha go príomha) críochnaithe faoi lár 2025 mar a bhí beartaithe i dtosach. Is féidir forléargas ar na cúiseanna do mhoilleanna a fháil, tionscadal ar thionscadal, in ***Iarscríbhinn VII***.

Fíor 5 – Moilleanna i gcur chun feidhme an tionscadail



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.


50 I gcás na dtionscadal bonneagair, ba iad seo a leanas na cúiseanna ba choitianta le moilleanna: athruithe dearaidh (mar gheall ar rialachán nua na Tuirce maidir le creathanna talún in 2018); díluacháil lira na Tuirce in 2018 i gcomparáid leis an euro (rud a d'fhág go ndeachaigh buiséid tionscadail níos faide, as ar eascair tionscadail níos mó ar ghlac sé níos mó ama lena gcur chun feidhme); fadhbanna struchtúracha le linn tochailtí; paindéim COVID-19; agus nósanna imeachta tairisceana nua. I gcás thionscadail 2 agus 5 chun ospidéil a thógáil in Hatay agus Kilis, d'fhéadfaí an mhoill sin a bheith seachanta go páirteach dá mba rud é go ndearna an comhpháirtí cur chun feidhme athbhreithniú níos críochnúla (e.g. suirbhé geolaíoch) ar an dearadh tosaigh.

51 I gcás na dtionscadal socheacnamaíocha (tionscadail 6, 7, 11 agus 14), tharla na moilleanna mar gheall ar fhadhbanna earcaíochta go príomha le linn na céime tionscanta, phaindéim COVID-19, easpa ceannach isteach ó rialtas na Tuirce agus ón ngéarchéim eacnamaíoch.

Forghníomhú buiséadach

52 I bhfianaise an bhoilscithe ard sa Tuirc (féach ***Fior 6***), níl an buiséad atá ag teastáil ag roinnt tionscadal bonneagair chun a gcuspóirí a bhaint amach. Is iad an dá thionscadal bonneagair bardasach na tionscadail lena mbaineann, an tionscadal SHIFA agus na tionscadail tógála scoile. Níl sé soiléir go fóill an laghdófar scóip na dtionscadal sin nó an féidir cistiú breise a fháil trí chistí FRIT atá fós ann nó an mbeidh méadú sa chomhpháirt iasachta ó na comhpháirtithe cur chun feidhme.

Fíor 6 – Boilsciú sa Tuirc 2014-2023



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ó Institiúid Staidrimh na Tuirce.

Gníomhaíocht cheartaitheach

53 Nuair a tharla moilleanna, rinne an Coimisiún imscrúdú ar na cúiseanna a bhí leo agus rinne sé an ghníomhaíocht cheartaitheach ba ghá. I roinnt cásanna, tharla moilleanna mar gheall ar shaincheisteanna nárbh fhéidir aghaidh a thabhairt orthu ar ghearrfhógra: an rialachán nua maidir le crith talún, díluacháil lira na Tuirce, COVID-19 agus an ghéarchéim eacnamaíoch. Níorbh fhéidir ach oiread na creathanna talún 2023 a thuar. Mar sin féin, i gcás roinnt tionscadal (tionscadail 6 agus 12), d'fhéadfadh idirghabháil a bheith déanta ag an gCoimisiún ar bhealach níos éifeachtúla ar bhealach tráthúil.

Ní dhearna an Coimisiún measúnú córasach féachaint an raibh costais tionscadail réasúnta

Roghnú comhpháirtithe cur chun feidhme

54 Baineann an Coimisiún úsáid as dhá mhodh bainistíochta do chur chun feidhme an tionscadail:

(a) bainistíocht indíreach, i gcás ina gcuirtear tionscadail chun feidhme ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta; agus

(b) bainistíocht dhíreach, i gcás ina gcuirtear tionscadail chun feidhme ag rialtas na Tuirce.

55 I gcás na dtionscadal a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, sheol an Coimisiún glaonna do thograí agus rinne siad measúnú ar acmhainneacht riaracháin, teicniúil agus airgeadais na n-iarratasóirí. Mar chritéar incháilitheachta eile, mheas an Coimisiún freisin céatadán na gcostas indíreach a luadh in iarratais ar thionscadail. Rinneadh iarrachtaí móra chun costais indíreacha a laghdú le linn an dara tráinse FRIT (féach míreanna ***25*** agus ***26***). D'fhág sé sin go raibh níos mó cistí in ann dul go díreach chuig na tairbhithe deiridh.

56 I gcás thionscadail PICTES agus SIHHAT, ba iad Aireachtaí na Tuirce an t-aon chomhpháirtí cur chun feidhme amháin a d'fhéadfadh a bheith ann. Fuaireamar go raibh acmhainneacht oibríochtúil agus airgeadais leordhóthanach ag na hAireachtaí chun na tionscadail a scrúdaíodh a chur chun feidhme. Measann an Coimisiún go bhféadfaí feabhas a chur ar éifeachtúlacht costais trí níos mó tascanna a aistriú chuig rialtas na Tuirce. Mar sin féin, níl sé seo indéanta sa chomhthéacs polaitiúil atá ann faoi láthair (féach mír ***24***).

57 Fuaireamar go raibh acmhainneacht riaracháin, oibríochtúil agus airgeadais ba ghá leis na comhpháirtithe cur chun feidhme go léir chun na tionscadail a scrúdaíodh a chur chun feidhme. Mar sin féin, i gcás thionscadal 4, maidir le bonneagar oideachais, ní dhearnadh colúnmheasúnú ar nósanna imeachta soláthair an chomhpháirtí cur chun feidhme faoin am a síníodh an comhaontú riaracháin, nó fiú amháin faoin am a thosaigh an tairiscint féin.

Measúnú ar chostais tionscadail

58 I gcás tionscadal bonneagair (scoileanna, bonneagar bardasach, agus ospidéil), rinne toscaireacht an Aontais seiceáil mionsonraithe ar an mbuiséad a mhol an comhpháirtí cur chun feidhme, bunaithe ar na praghsanna tagartha in aghaidh an mhéadair chearnaigh mar a foilsíodh in Iris Oifigiúil na Tuirce.

59 Ní dhearna an Coimisiún measúnú córasach, áfach ar réasúntacht chostais an tionscadail (buiséad tosaigh móide aguisín) sna hearnálacha tosaíochta eile. I gcás roinnt tionscadal (tionscadail 1, 6, 8, 9 agus 14), níl aon fhianaise dhoiciméadach ann go raibh anailís ar an mbuiséad tionscadail déanta ag an gCoimisiún ná toscaireacht an Aontais go mion (e.g. doiciméid tacaíochta a iarraidh ar na comhpháirtithe cur chun feidhme chun bunús a thabhairt le costais). Thairis sin, ní dhearna toscaireacht an Aontais anailís ar chostais na ngníomhaíochtaí go mion. Ní raibh sé ach ag brath ar na mínithe a thug na comhpháirtithe cur chun feidhme (tionscadail 6, 7, 8 agus 11). Thairis sin, níor chuir an Coimisiún costais chomhchosúla i gcomparáid le tionscadail éagsúla ná ní dhearna sé costais in aghaidh an tairbhí a ríomh. Cuireann sé sin éifeachtúlacht na dtionscadal i mbaol.

60 Ní dhearna an Coimisiún seiceálacha ach oiread chun réasúntacht iarbhír na gcostas a fhíorú le linn chur chun feidhme an tionscadail. I gcás fhormhór na dtionscadal, seachas dhá cheann, rinneadh cuideachta iniúchóireachta seachtraí a chonradh chun fíoruithe caiteachais a dhéanamh. Mar sin féin, ní dhearna bainisteoirí tionscadail thoscaireacht an Aontais na tuarascálacha fíorúcháin a iarraidh ná a sheiceáil go córasach.

Measúnú ar chostais riaracháin

61 Níl aon fhianaise ann go ndearna an Coimisiún measúnú ar réasúntacht na gcostas riaracháin. Cé gur laghdaigh an Coimisiún an teorainn ar chostais indíreacha sa dara tráinse, ó 7 % go dtí 4 % de chostais iomlána an tionscadail (féach ***Bosca 1***), níl aon chritéir roghnúcháin aige chun measúnú a dhéanamh féachaint an teorainn iomchuí é sin do gach tionscadal ar leith. Tháinig laghdú ar chostais indíreacha faoin dara tráinse de FRIT agus ar an iomlán, is cosúil go bhfuil siad réasúnta i ndáil leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh ag na comhpháirtithe cur chun feidhme.

62 D'ainneoin beagnach 7 % de chostais indíreacha a bheith gearrtha cheana féin, mhaoinigh an buiséad PICTES costais eile freisin, ar costais iad sin a mheas an t-iniúchóir seachtrach a rinne an fíorú caiteachais a bheith neamh-incháilithe. Áiríodh leis na costais sin ragobair, liúntais laethúla agus liúntais iompair d'fhoireann na hAireachta, arb ionann é agus €1.7 mhilliún. Bhí an Coimisiún in ann an caiteachas sin a aisghabháil, áfach.

63 Thairis sin, rinneadh leanúnachas chistiú PICTES a áirithiú trí PIKTES II agus PIKTES+. Mar sin féin, níor cuireadh síneadh le conarthaí roinnt múinteoirí ach cuireadh deireadh leo, agus íocadh liúntais scaoilíocaíochta leo. Ansin fuair na múinteoirí céanna conarthaí 'nua' láithreach – lenar clúdaíodh na gníomhaíochtaí céanna – nuair a thosaigh PIKTES II agus PIKTES+. Ní raibh aon bhearna idir na tionscadail éagsúla PICTES. Seasann na liúntais scaoilíocaíochta sin do €8.4 milliún (don aistriú ó PICTES go dtí PIKTES II) agus do €11.2 mhilliún (ó PIKTES II go dtí PIKTES+). Tá toirmeasc ar an gcleachtas sin faoi dhlí saothair na Tuirce. Bunaithe ar ár bhfionnachtana, rinne an Coimisiún iarrachtaí na méideanna a aisghabháil ón Aireacht. Sheol an Coimisiún litir i Lúnasa 2023 inar iarradh ar an Aireacht aisíocaíocht €8.4 milliún, agus dhiúltaigh sé don iarraidh. Níl sé soiléir go fóill conas a dhéanfaidh (má dhéanann) an Coimisiún iomlán an €19.6 milliún a íocadh i liúntais scaoilíocaíochta neamhdhleathacha a aisghabháil.

Tugadh aschuir bheartaithe i gcrích go dtí seo, ach níltear ag díriú go leordhóthanach ar a dtionchar agus a n-inbhuanaitheacht

64 Rinneamar measúnú féachaint ar baineadh amach na haschuir agus na torthaí a bhí beartaithe agus an ndearna an Coimisiún a n-inbhuanaitheacht a áirithiú. Thairis sin, scrúdaíomar bainistiú an Choimisiúin ar thionscadail FRIT tar éis chreathanna talún mhí Feabhra 2023 agus rinneamar measúnú ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun tionchar an chreatha talún ar na tionscadail a mhaolú. Sna míreanna seo a leanas, déanaimid scrúdú ar an méid seo a leanas:

(a) ar bhain na tionscadail samplála amach (nó is dócha go mbainfidh siad amach) na torthaí a bhfuiltear ag súil leo (aschuir agus torthaí);

(b) an ndearnadh faisnéis iontaofa chainníochtúil agus cháilíochtúil a ghabháil sa chreat faireacháin;

(c) an ndearna an Coimisiún idirghabháil éifeachtach tar éis chreathanna talún 2023; agus

(d) an ndearna an Coimisiún inbhuanaitheacht na dtionscadal a áirithiú.

Cé gur thug tionscadail aschuir i gcrích, bhí béim theoranta ar thionchar

Torthaí

65 In ***Iarscríbhinn VIII***, leagtar amach ár measúnú ar na tionscadail ó thaobh riachtanas a dtugtar aghaidh orthu, tráthúlacht, cost-éifeachtúlacht, faireachán, torthaí agus inbhuanaitheacht. Ar an iomlán, tugadh na tionscadail a bhí beartaithe i gcrích, ach ní dhearnadh tionchar na dtionscadal a thomhas go leordhóthanach. I gcás inar féidir, rinne an Coimisiún agus na comhpháirtithe cur chun feidhme gníomhaíocht cheartaitheach chun moilleanna a íoslaghdú nó a mhaolú. Go ginearálta, tá nasc teagmhasach idir gníomhaíochtaí tionscadail agus torthaí a baineadh amach.

Oideachas

66 Baineadh amach an chuid is mó d'aschuir san earnáil oideachais: tógadh scoileanna réamhdhéanta agus scoileanna soladacha agus tá siad ag feidhmiú go páirteach. Rinneadh scoileanna críochnaithe (tionscadail 3 agus 4) a chomhtháthú i gcóras oideachais náisiúnta na Tuirce. Faoin tionscadal PICTES, cuireadh trealamh agus ábhair scoile ar fáil do dhaltaí agus fuarthas múinteoirí leordhóthanacha chun oideachas ar ardchaighdeán a áirithiú do mhuintir na Siria agus do na pobail óstacha. Dúnadh na hionaid oideachais shealadacha, agus aistríodh leanaí chuig scoileanna stáit na Tuirce.

67 Thugamar cuairt ar sheacht scoile PICTES (***Pictiúr 1***) le linn ár misin iniúchóireachta agus thugamar ar aire go raibh an líon riachtanach Siriach cláraithe ag gach scoil le bheith incháilithe do chistiú PICTES. Mar sin féin, chruthaigh roinnt gníomhaíochtaí teannas i measc na mac léinn, mar shampla toisc gur do dhaltaí Siriacha amháin a cuireadh stáiseanóireacht agus iompar saor in aisce ar fáil i dtosach. Dá bhrí sin, bhí dhá scoil tar éis tús a chur le gníomhaíochtaí comhtháthaithe shóisialta (amhail aonach eolaíochta agus taispeántas ealaíne a eagrú). Ar nóta diúltach, i gcúig scoil is ar éigean a úsáideadh na cluichí boird agus an trealamh spóirt a ceannaíodh chun na críche sin nó bhí siad fós stóráilte sa phacáistiú a bhí orthu nuair a seoladh iad (***Pictiúr 2***).

Pictiúr 1 – Scoileanna PICTES Adana (ar chlé) agus Izmir (ar dheis)




Foinse: CIE.

Pictiúr 2 — Scoileanna PICTES – trealamh leadóige boird atá stóráilte fós ina pacáistíocht bhunaidh




Foinse: CIE.

68 Thugamar cuairt ar naoi scoil nua a tógadh faoi na tionscadail scoile a fuair maoiniú ó FRIT (bhí seacht gcinn acu ag feidhmiú cheana féin) agus thugamar faoi deara leibhéal ard sástachta i measc múinteoirí agus daltaí. Ní dhearnadh trí scoil a chothabháil go maith, in ainneoin nár osclaíodh iad ach in 2019 nó 2020. Bhí córais téimh nua, córais lárnacha aerála agus aerchóirithe, córais fuaime agus córais slándála ag gach scoil. Ní raibh an trealamh teicniúil ag feidhmiú go cuí in aon cheann de na scoileanna, áfach, mar gheall ar easpa foirne teicniúla eolacha. Ní raibh bailitheoirí roghnaitheacha dramhaíola (***Pictiúr 3***) á n-úsáid go minic, ós rud é nár bhailigh an bardas dramhaíl go huathoibríoch.

Pictiúr 3– Bailitheoir roghnach dramhaíola curtha ar fáil do gach scoil nuathógtha



Foinse: CIE.

69 Ní rabhamar in ann an tionchar ná luach ar airgead de na tionscadail FRIT sampláilte san earnáil oideachais a chinneadh. Ní raibh aon sonraí ar fáil ar scoileanna a cistíodh trí FRIT faoi PICTES I. Bhain na sonraí is déanaí le PIKTES II. Ciallaíonn sé sin nach raibh aon fhaisnéis ag an gCoimisiún maidir leis an áit ar caitheadh cistiú go geografach ná faoi na torthaí a baineadh amach.

70 Ina theannta sin, in ainneoin ár n-iarrataí arís agus arís eile, níor chuir Aireacht Oideachais Náisiúnta na Tuirce sonraí ar fáil (féach mír ***15***) maidir le:

- líon na ndaltaí Siriacha agus na ndaltaí dídeanaithe eile in aghaidh na scoile i gcomparáid le líon na ndaltaí ó na pobail óstacha;
- pasráta na ndaltaí sin i gcomparáid leo siúd ó na pobail óstacha;
- líon na leanaí lasmuigh den scoil a bhí ath-chomhtháite sa chóras oideachais a bhuí le tacaíocht o PICTES;
- an scoilt i dtacaíocht PICTES idir an cineál scoileanna; nó
- líon na ndídeanaithe a raibh bunscoil nó meánscoil críochnaithe acu nó a chuaigh chun na hollscoile.

71 Ní rabhamar in ann dá bhrí sin measúnú a dhéanamh ar thionchar PICTES maidir le lánpháirtiú agus rath leanaí dídeanaithe a fuair tacaíocht i gcóras oideachais na Tuirce. Ná níorbh fhéidir linn measúnú a dhéanamh ar thionchar thógáil na scoileanna ar na tairbhithe. Thugamar ar aire, áfach, nach raibh ach dhá cheann de na naoi scoil ar tugadh cuairt orthu (féach mír ***68***) san áireamh in PICTES. Chun a bheith incháilithe do chistiú PICTES, ní mór ar a laghad 40 leanbh dídeanaí a bheith cláraithe i scoil. Tugann sé sin le tuiscint go ndeachaigh na scoileanna nuathógtha chun tairbhe go príomha do na pobail óstacha seachas do na dídeanaithe, arb iadsan ba cheart a bheith ina bpríomhfhaighteoirí.

<u>Sláinte</u>

72 Tugadh an dá ospidéal a mhaoinigh FRIT chun críche go rathúil agus chomhlíon siad an rialachán maidir le crith talún. Thug sonraí othair le fios gur úsáideadh an dá ospidéal go mór ag daoine na Tuirce agus daoine Siriacha. Thugamar ar aire gur tugadh an trealamh ar fad i gcrích, agus gur chuir an Aireacht foireann leordhóthanach ar fáil. Bhí nasc teagmhasach idir tógáil na n-ospidéal agus an méadú ar an gcumas cúraim sláinte fhisiciúil in Hatay agus in Kilis (***Pictiúr 4***).

Pictiúr 4 – Ospidéal Hatay (ar chlé) agus Ospidéal Kilis (ar dheis)



Foinse: CIE.

73 Le linn SIHHAT II, bhí líon na n-aonad sláinte imirceach (MHUnna) leordhóthanach, go dtí 2021, chun freastal ar riachtanais na ndídeanaithe. Ó 2022 i leith, tá acmhainneacht MHU sáraithe ag líon na ndídeanaithe. Thug na haonaid sláinte deiseanna do mhuintir na Siria freisin oibriú mar chleachtóirí ginearálta, mar speisialtóirí ginearálta, mar speisialtóirí leighis inmheánacha, mar ghínéiceolaithe agus mar phéidiatraiceoirí. Seachas sin, gan náisiúntacht na Tuirce a fháil agus scrúdú coibhéise a fháil, ní féidir leo oibriú i gcóras sláinte na Tuirce.

Pictiúr 5 – Ionad feithimh in Ionad Sláinte Imirceach Ankara (ar chlé) agus i seomra teiripe oideachais in Ionad Meabhairshláinte Pobail Adana (ar dheis)




Foinse: CIE.

74 Dheimhnigh ár gcuairt go raibh na foirgnimh agus an trealamh á gcothabháil go maith, go raibh dóthain foirne i láthair agus go raibh othair (idir Thurcaigh agus Shiriaigh) sásta leis na seirbhísí cúraim sláinte a cuireadh ar fáil (***Pictiúr 5*** agus ***Pictiúr 6***). Bunaithe ar agallaimh le hothair, fuaireamar amach gur bhraith daoine as an tSiria gur caitheadh leosan ar an gcaoi chéanna le daoine as an Tuirc nuair a bhain sé le seirbhísí sláinte a fháil.

Pictiúr 6 – MRI (Hatay) agus scannadh CT (Kilis)




Foinse: CIE.

Tacaíocht shocheacnamaíoch

75 Is í tacaíocht shocheacnamaíoch is lú forbairt i réimsí tosaíochta FRIT. Níl aon straitéis aistrithe do dhídeanaithe ag rialtas na Tuirce. Dá bhrí sin, is beag aird a thugann an rialtas ar thaobh an éilimh, i.e. an bhfuil poist ar fáil do dhídeanaithe agus na hearnálacha ina bhfuil siad. Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shocheacnamaíocha na ndídeanaithe faoi thionchar an tsoláthair den chuid is mó (e.g. gníomhaíochtaí oiliúna do dhídeanaithe a eagrú).

76 Rinneadh margadh an tsaothair ag na comhpháirtithe cur chun feidhme do dhá thionscadal. Mar sin féin, níor úsáideadh é – nó níor úsáideadh go hiomchuí ar a laghad é – mar ionchur le haghaidh oiliúna do na spriocghrúpaí (féach mír ***45***). Thairis sin, mhair ceann amháin de na tionscadail sin ar feadh 2 bhliain, ach maireann cúrsa baitsiléara 4 bliana. Níor dhírigh dhá thionscadal eile go leordhóthanach ar dhídeanaithe, agus fuair níos mó rannpháirtithe ó na pobail óstacha ná mar a fuair Siriaigh deimhniú i gceann amháin dóibh.

77 Tá sé i gceist le fostaíocht a ghiniúint straitéis scoir a chur ar fáil don tionscadal ESSN. Mar sin féin, ní raibh aon sonraí ar fáil maidir leis an méid ceadanna oibre a dheonaigh rialtas na Tuirce do Shiriaigh ó 2021 i leith ná maidir le cé mhéad Siriach a bhí tar éis a ngnó féin a thosú ó cuireadh tús le cistiú FRIT.

78 Ar an iomlán, mar gheall ar easpa obair leantach ar iar-mhic léinn, nuair a bhí na tionscadail críochnaithe, ní rabhthas in ann measúnú a dhéanamh féachaint ar éirigh leo poist a fháil díreach tar éis nó lena linn.

Bonneagar bardasach

79 I gcás an dá thionscadal bonneagair bhardasaigh, níor tosaíodh an tógáil go dtí le déanaí i roinnt suíomhanna (***Pictiúr 7***). Bhí sé róluath dá bhrí sin measúnú a dhéanamh féachaint an raibh na torthaí bainte amach. Mar sin féin, tá tionchar ag méadú ar phraghsanna ábhar tógála, rátaí malairte luaineacha agus boilsciú ard sa Tuirc (féach ***Fíor 6***) ar bhuiséad tionscadal agus ar eagrú tairiscintí agus leanann siad de dhifear a dhéanamh dóibh. Táthar ag súil le laghduithe ar scóip na dtionscadal sin (mura bhfaightear cistiú breise), rud a dhéanfaidh difear freisin do bhaint amach na gcuspóirí. Thairis sin, táthar ag súil le moilleanna breise de 1-2 bhliain tar éis na gcreathanna talún.

Pictiúr 7 – Osmaniye (ar chlé) agus Sanliurfa (lár agus ar dheis) – Oibreacha séarachais



Foinse: CIE.

Faireachán

80 Thug toscaireacht an Aontais, na comhpháirtithe cur chun feidhme, gnólachtaí iniúchóireachta seachtracha agus foireann SUMAF faoi chuairteanna chun faireachán a dhéanamh ar thionscadail arna maoiniú ag FRIT. Rinneadh torthaí na dtionscadal a thomhas i gcomparáid leis na spriocanna a leagadh síos i ndoiciméid phleanála ar a dtugtar 'creataí loighciúla', a bhí mar chuid den chomhaontú riaracháin. Bhí táscairí cainníochtúla den chuid is mó, áfach, rud a d'fhág go raibh sé níos éasca aschuir ná torthaí a thomhas.

81 Ba mhinic nár éascaigh creataí loighciúla na dtionscadal socheacnamaíoch tionchar na dtionscadal a thomhas, ós rud é gur dhírigh siad ar líon na rannpháirtithe a chláraigh i gcúrsaí, ní ar an líon daoine a bhain céim amach ná ar líon na bpost a cruthaíodh.

82 Thugamar faoi deara freisin go raibh laigí i gcreat loighciúil thionscadal SHIFA, ós rud é nár thug na táscairí aghaidh ar an bhfíric gur cuireadh cuid den mhaoiniú i leataobh don daonra óstach amháin. Bhain na táscairí uile le dídeanaithe, agus níor thug aon táscaire aghaidh ar aidhm bhunaidh an tionscadail chun costais chíosa agus reatha d'ionaid sláinte imirceach a laghdú. Ina theannta sin, i gcreat loighciúil thionscadal 11, ní raibh aschuir/torthaí ailínithe le gníomhaíochtaí tionscadail agus, dá bhrí sin, níor thug siad deis d'fhaireachán éifeachtúil.

83 Chomh maith le tabhairt faoi chuairteanna ar an láthair, rinne toscaireacht an Aontais athbhreithniú freisin ar thuarascálacha ar thionscnamh tionscadail agus ar dhul chun cinn agus d'iarr sí soiléiriú ar na comhpháirtithe cur chun feidhme. Thug SUMAF cuairteanna faireacháin mionsonraithe ar chomhpháirtithe cur chun feidhme, rinne sé moltaí agus de ghnáth rinne sé obair leantach leordhóthanach orthu sin. Mar sin féin, chuir comhpháirtí cur chun feidhme amháin i gcoinne faireachán ag SUMAF agus dhiúltaigh sé dá mholtaí.

84 Cé is moite de dhá thionscadal, rinne gnólachtaí iniúchóireachta seachtracha fíoruithe airgeadais chun incháilitheacht an chaiteachais a mheas. I gcás ceithre thionscadal, rinneadh caiteachas neamh-incháilithe a shainaithint agus a aisghabháil ina dhiaidh sin.

Infheictheacht


85 I gcás na dtionscadal uile a scrúdaíodh, comhaontaíodh treoirlínte infheictheachta ar bhonn conarthach. Le linn chur chun feidhme an tionscadail, sheol gach comhpháirtí cur chun feidhme plean cumarsáide agus infheictheachta chuig toscaireacht an Aontais. Sna pleananna sin, sainaithníodh spriocghrúpaí agus gníomhaíochtaí cumarsáide do gach spriocghrúpa, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, grianghraif, físeáin, ailt phreasa, míreanna fógraíochta, comharthaíocht agus imeachtaí oscailte agus dúnta.

86 Sna tuarascálacha ar dhul chun cinn, tugadh forléargas mionsonraithe ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na pleananna infheictheachta. Le linn ár gcuairte ar an láthair, thugamar faoi deara gur cloíodh go maith leis na rialacha infheictheachta ar an iomlán.

D’fhreagair an Coimisiún go pras chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na gcreathanna talún ar thionscadail FRIT

87 I bhFeabhra 2023, tharla dhá chreat talún uafásacha i réigiún theas na Tuirce agus i dtuaisceart na Siria (féach ***Fíor 7***), rud a d’fhág go raibh go leor taismeach ann agus go ndearnadh damáiste forleathan. D’fhreagair toscaireacht an Aontais go tapa chun forléargas a fháil ar an damáiste agus ar na caillteanais a thabhaigh tionscadail FRIT trína iarraidh ar na comhpháirtithe cur chun feidhme tuarascáil ar mheasúnú tionchair crith talún a chur ar fáil. Tugadh forléargas sa tuarascáil sin ar thionchar na gcreathanna talún ar ghníomhaíochtaí leanúnacha agus ar na spriocanna a bhí le baint amach agus cuireadh in iúl an mbeadh gá le méadú buiséid nó síneadh a chur leis an spriocdháta.

Fíor 7 – Tionchar na gcreathanna talún an 6 Feabhra 2023




Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón Financial Times 9.2.2003.

88 Rinne toscaireacht an Aontais anailís ar na tuarascálacha sin faoi lár Mhárta 2023, ónar léir go raibh gá le buiséad breise €632.4 milliún chun na tionscadail a chur i gcrích mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar sin féin, bhí €554 mhilliún sa bhreis iarrtha cheana féin ag na comhpháirtithe cur chun feidhme roimh na creathanna talún chun an boilsciú ard agus an méadú ar phraghsanna tógála a chumhdach. Bhain na hiarrataí sin go príomha le tionscadail bhonneagair. Ba iad na tionscadail a raibh buiséad breise ag teastáil uathu tar éis na gcreathanna talún ná dhá chlár cúnaimh airgid (CCTE agus Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála Comhlántach (C-ESSN)), agus tionscadal maidir le tacaíocht d’fhostaíocht i dtalmhaíocht.

89 Bhí gach ciste FRIT (seachas costais riaracháin) faighte ar conradh cheana féin faoi thráth ár n-iniúchta. Mar sin féin, bhí €350 milliún as an leithdháileadh breise €3 bhilliún fós le fáil ar conradh (féach míreanna ***06*** agus ***23***). Mhol rialtas na Tuirce na cistí sin a leithdháileadh ar sheacht dtionscadal. Mar sin féin, tá dhá cheann de na tionscadail sin dírithe ar mhuintir na Siria agus ar an bpobal óstach den chuid is mó, ach tá sé i gceist le cistiú FRIT a leithdháileadh ar dhídeanaithe den chuid is mó. Ghlac an Coimisiún cinneadh deiridh maidir leis an leithdháileadh ag deireadh 2023.

90 Bhí tionchar suntasach ag na creathanna talún ar fhad measta na dtionscadal: Bhí síneadh idir bliain amháin agus 3 bliana de dhíth ar 20 tionscadal as 33 thionscadal FRIT atá ar siúl faoi láthair, de réir na gcomhpháirtithe cur chun feidhme. As na 33 thionscadal atá ar siúl faoi láthair, bhí tionchar íseal ag na creathanna talún ar 9 gcinn, bhí tionchar measartha acu ar 14 thionscadal, agus bhí tionchar mór acu ar 10 gcinn. Ba iad Gaziantep, Hatay agus Kahramanmaraş na cúigí a d'fhulaing an tionchar is mó (féach ***Fíor 8***).

Fíor 8 – Tionscadail de réir cúige atá buailte ag na creathanna talún



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

91 Cuireadh moill ar thionscadail bhonneagair bhardasaigh mar gheall ar infhaighteacht theoranta oifigeach, ábhar tógála, pearsanra agus trealaimh. Tháinig méadú freisin ar chostais na n-ábhar tógála, an fhuinnimh agus an tsaothair ó 2022 i leith. Ina theannta sin, bhí gá le hathruithe ar raon feidhme agus ar dhearadh.

92 Cuireadh moill ar thionscadail bhonneagair oideachais mar gheall ar rochtain theoranta ar na húdaráis agus ar na hacmhainní ábhartha tar éis na gcreathanna talún. Cuireadh stop leis an tógáil sna réigiúin a raibh tionchar ag an gcrith talún orthu agus cuireadh tairiscint do scoileanna nua ar fionraí. Tháinig méadú freisin ar chostais tógála. Rinneadh damáiste do roinnt scoileanna sa Tuirc nó scriosadh iad. Mar sin féin, dearadh na scoileanna a tógadh faoi thionscadail FRIT i gcomhréir leis an rialachán crith talún is déanaí a rinne an Tuirc agus, dá bhrí sin, ní dhearnadh damáiste struchtúrach dóibh.

93 Níor bhain aon damáiste struchtúrach don ospidéal in Kilis ná don ospidéal in Hatay. Ba é ba chúis leis sin na modhanna maolaithe crith talún a úsáideadh le linn na tógála. Méadaíodh a gcumas chun freagairt do riachtanais phráinneacha leighis.

94 Bhí dhá thrian de na hionaid sláinte a bhí le tógáil nó le hathchóiriú faoi thionscadal SHIFA lonnaithe sna cúigí atá buailte ag crith talún. Ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar thosaíocht na saoráidí agus na suíomhanna i bhfianaise na ngluaiseachtaí daonra arb iad na creathanna talún is cúis leo.

95 Bhí tionchar suntasach ag na creathanna talún ar na tionscadail PICTES agus SIHHAT araon. Dúnadh scoileanna sna cúigí a raibh tionchar ag an gcrith talún orthu; rinneadh damáiste mór do chuid acu nó scriosadh iad agus cailleadh trealamh agus soláthairtí. I gcás SIHHAT, rinneadh damáiste do thart ar 45 de na 102 ionad sláinte imirceach (leathnaithe). Bunaíodh aonaid shealadacha i saoráidí cúraim sláinte nach ndearnadh difear dóibh trí úsáid a bhaint as foireann agus acmhainní SIHHAT. Amhail ó Nollaig 2023, bhí roinnt ionad athoscailte agus bhí 17 n-ionad dúnta go sealadach. Go tragóideach, bhásaigh daoine a bhí ag obair ar an dá thionscadal freisin sna creathanna talún.

96 Cuireadh moill ar thionscadail tacaíochta socheacnamaíche den chuid is mó mar gheall ar rannpháirtíocht na dtairbhithe tionscadail, dúnadh gnólachtaí agus imirce daoine chuig cúigí eile. Athraíodh cúrsaí ollscoile go formáid ar líne. Cuireadh go leor gníomhaíochtaí tionscadail a bhaineann le forbairt scileanna ar fionraí.

97 I gcás an dá chlár cúnaimh airgid a éilíonn buiséad breise mar gheall ar na creathanna talún, CCTE agus C-ESSN (féach mír ***88***), mhol rialtas na Tuirce go ndéanfadh an Coimisiún an tacaíocht sin a leathnú chuig daonraí óstacha atá leochaileach de dheasca na gcreathanna talún. Dá bhrí sin, rinne AS ECHO íocaíocht aonuaire €12.25 milliún le saoránaigh leochaileacha na Tuirce, go príomha chun críche comhtháthaithe shóisialta.

Rinne an Coimisiún inbhuanaitheacht na dtionscadal bonneagair a áirithiú, ach ní dhearna sé é sin i gcás na tacaíochta socheacnamaíche; níl inbhuanaitheacht na dtionscadal suaitheanta oideachais agus sláinte ráthaithe go fóill

98 Tá inbhuanaitheacht na dtionscadal an-éagsúil ó earnáil go chéile. Táthar tar éis inbhuanaitheacht na dtionscadal **bonneagair** a áirithiú. Aistríodh úinéireacht na scoileanna agus na n-ospidéal a tógadh le tacaíocht FRIT chuig na hAireachtaí ábhartha. Chuir Aireacht Sláinte na Tuirce foireann ospidéil uile ar fáil agus íocann sí faoi láthair as tuarastail foirne, cothabháil foirgneamh, trealamh agus costais reatha. Tá an Aireacht Oideachais Náisiúnta tar éis na scoileanna a tógadh le cistí FRIT a chomhtháthú i gcóras oideachais náisiúnta na Tuirce. Tá costais oibriúcháin, tuarastail agus cothabhála na scoileanna clúdaithe ag an mbuiséad náisiúnta.

99 Dheimhnigh ár gcuairt ar an láthair nach ndearnadh damáiste do na foirgnimh, gur coinníodh go maith an trealamh agus na seomraí, go raibh dóthain foirne i láthair agus gur thug othair faoi deara go raibh feabhas suntasach tagtha ar an rochtain atá acu ar chúram sláinte ar ardchaighdeán.

100 Ina theannta sin, dheimhnigh ár gcuairt ar an láthair nár bhain damáiste struchtúrach do na scoileanna, go raibh dóthain múinteoirí ar fáil agus go raibh na hábhair mhaoinithe sna scoileanna. Bhí na daltaí agus na múinteoirí araon an-sásta agus thug siad faoi deara go raibh méadú tagtha ar chaighdeán an infreastruchtúir oideachais. Thugamar faoi deara, go raibh roinnt saincheisteanna cothabhála maidir le foirgnimh na scoile agus an trealamh a chuirtear ar fáil, áfach.

101 Is é PICTES an príomhthionscadal FRIT in earnáil an **oideachais**. Níor áiríodh le PICTES straitéis chun deireadh a chur leis an tionscadal féin de réir a chéile, agus leanadh den chistiú trí PIKTES II agus PIKTES+. Beidh PIKTES+ ar siúl go dtí Deireadh Fómhair 2025, agus níl straitéis scoir san áireamh ann go fóill. Mar fhocal dearfach, ní hamháin gur mhéadaigh an tionscadal úinéireacht Aireacht na Tuirce, ach chiallaigh sé freisin gur bhain an tionscadal tairbhe as struchtúir reatha na hAireachta. Thairis sin, rannchuidigh an tionscadal le hacmhainneacht a fhorbairt san fhoireann bainistíochta tionscadail, sna foirne comhordaithe cúigeacha agus sna scoileanna. Rinneadh státseirbhísigh de roinnt múinteoirí a d'íoc an tionscadal PICTES.

102 Is é SIHHAT an príomhthionscadal FRIT in earnáil na **sláinte**. Rinneadh na hionaid sláinte imirceach (leathnaithe) a tógadh faoin tionscadal a chomhtháthú de réir a chéile i gcóras náisiúnta na Tuirce. Mar sin féin, ní fhéadfaí SIHHAT I a chothú ach amháin mar gheall ar mhaoiniú leanúnach trí SIHHAT II. Níl an tionscadal seo inbhuanaithe faoi láthair, ós rud é go mbeidh gá fós le tuarastal, trealamh agus costais chíosa do na hionaid sláinte a chumhdach le IPA (III) faoi SIHHAT III, a seoladh in Eanáir 2024. Tá drogall ar údaráis na Tuirce úinéireacht airgeadais an tionscadail a ghlacadh chucu féin, cé go bhfuil baint shuntasach acu leis an tionscadal agus go bhfuil an acmhainneacht oibríochtúil agus airgeadais acu chun é sin a dhéanamh.

103 Cuspóir amháin de chuid thionscadal SHIFA is ea an tionscadal SIHHAT a dhéanamh níos inbhuanaithe trí laghdú a dhéanamh ar líon na n-ionad sláinte imirceach a fhaigheann maoiniú (leathnaithe) ó úinéirí príobháideacha. Is ar thuarastail atá an sciar is mó de chostais thionscadail SIHHAT ag dul, áfach (SIHHAT I: 39 % agus SIHHAT II: 60 %).

104 Níor éirigh chomh maith céanna le tionscadail a fhaigheann cistiú FRIT i réimse na **tacaíochta socheacnamaíche** ó thaobh inbhuanaitheacht a bhaint amach. Mar sin féin, lean 15 ionad pobail arna maoiniú ag FRIT le cistiú ó chomhpháirtithe eile nuair a tháinig deireadh le tacaíocht FRIT i Nollaig 2021, mar sin níor cuireadh isteach ar a gcuid gníomhaíochtaí. Thugamar cuairt ar na hionaid phobail in Ankara agus Adana agus táimid in ann a dheimhniú go raibh siad fós ag feidhmiú agus á gcothabháil go maith. Níor tairgeadh gníomhaíochtaí comhtháthaithe shóisialta ná gairmoiliúint a thuilleadh mar gheall ar chistí neamhleora. Chuir tairbhithe in iúl go raibh siad sásta ar an iomlán leis na seirbhísí a chuir na hionaid phobail ar fáil.

105 Ní dhearnadh aon obair leantach tar éis don tionscadal seo a chríochnú, áfach, chun seiceáil a dhéanamh ar chás 76 fhiontraí a fuair maoiniú trí na hionaid phobail sin d'fhonn gnólachtaí a bhunú. Rinne an comhpháirtí cur chun feidhme iarracht teagmháil a dhéanamh leis na fiontraithe sin ar ár n-iarratas mar ullmhúchán dár gcuairt. Dúirt 57 bhfionraí go raibh siad fós i mbun gnó. As na 57 bhfionraí sin, thugamar cuairt ar 4 cinn, agus ní raibh beirt acu i mbun gnó (nó a gcéad ghnó) a thuilleadh. Ardaíonn sé sin amhras faoi iontaofacht na faisnéise maidir leis an 53 fhionraí eile.

106 Thairis sin, ní dhearna an Coimisiún faireachán ar thairbhithe na tacaíochta socheacnamaíche chun a fháil amach an bhfuair siad post, an raibh na scileanna gairme a sealbhaíodh á gcur i bhfeidhm acu, ná an raibh a ngnólachtaí nuathionscanta fós ag feidhmiú (***Bosca 2***). Ní raibh a fhios ag an gCoimisiún ach oiread cé mhéad de na tairbhithe a bhí comhtháite go foirmiúil i ngeilleagar na Tuirce, agus dá bhrí sin, d'fhéadfaí iad a bhaint den scéim cúnaimh airgid. Ní ghineann soláthar oiliúna luach ar airgead más rud é go bhfanann formhór mór na rannpháirtithe dífhostaithe ina dhiaidh sin.

Bosca 2

Cuairt fiontraithe (tionscadal 6)

Thugamar cuairt ar bheirt fhiontraithe Siriacha a d'fhreastail ar chúrsaí fiontraíochta agus a fuair tacaíocht airgeadais chun a ngnólachtaí féin a bhunú.

Bhí gnó bácála sa bhaile á reáchtáil ag an gcéad cheann. D'úsáid an tairbhí an tacaíocht chun trealamh agus táirgí bácála a cheannach. Mar sin féin, bhí an bonn cliant teoranta do dhaonra na Siria, agus go sonrach dóibh siúd a bhfuil diaibéiteas agus éadulaingt ar ghlútan. I bhfianaise an tsainmhargaidh theoranta sin, ní raibh an gnó inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus níor lorg an tairbhí deiseanna chun é a fheabhsú.

Bhí gnó rathúil á reáchtáil ag an dara fiontraí ag tacú le mic léinn lena n-iarratais chuig ollscoileanna príobháideacha agus poiblí. D'úsáid an tairbhí an tacaíocht airgeadais chun trealamh oifige a cheannach agus chun an chuideachta a chlárú go hoifigiúil. Bhí brabús suntasach á dhéanamh ag an tairbhí cheana féin agus bhí seisear fostaithe aige.

D'iarramar ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme chun obair leantach a dhéanamh ar gach gnólacht nuathionscanta mar ullmhúchán dár gcuairt iniúchóireachta, toisc nach ndearna siad amhlaidh mar chuid de thionscadal FRIT. Thacaigh an tionscadal le 42 duine chun a ngnó féin a bhunú. 10 mí (ar éigean) tar éis dháta deiridh an tionscadail (Nollaig 2019), ní raibh ach 24 acu (57 %) fós i mbun gnó. Amhail ó Bhealtaine 2023, ní raibh ach 11 acu fós i mbun gnó. Ba iad COVID-19 agus na creathanna talún na príomhchúiseanna a thug an comhpháirtí cur chun feidhme le teip na ngnólachtaí nach raibh ag feidhmiú a thuilleadh.

107 Sa Tuirc, le hAirteagal 4 den Dlí Idirnáisiúnta maidir leis an bhFórsa Saothair 6735[7], ceanglaítear ar fhostóirí cúigear fostaithe ar a laghad a bhfuil saoránacht na Tuirce acu a bheith ina bhfostaíocht in aghaidh gach dídeanaí Siriach a n-iarrann siad cead oibre ina leith. Thairis sin, luaitear in Airteagal 8 de Rialachán 6575[8] maidir le Cead Oibre nach féidir le líon na n-eachtrannach atá faoi chosaint shealadach a bheith os cionn 10 % de shaoránaigh na Tuirce san ionad oibre. Léiríonn sé sin go bhfuil an lucht saothair náisiúnta i bhfabhar an lucht saothair agus go bhfuil drogall air a bheith bainteach le gníomhaíochtaí a thacaíonn go hoifigiúil le muintir na Siria chun poist a fháil. Tá riosca ag baint leis sin do thionchar na dtionscadal tacaíochta socheacnamaíocha.

108 Tá an dá thionscadal bonneagair bhardasaigh arna maoiniú ag FRIT fós ag céim an-luath sa tógáil, agus mar sin bhí sé róluath a n-inbhuanaitheacht a thabhairt chun críche. Beidh moilleanna breise ann mar thoradh ar na creathanna talún freisin, de réir mar is gá athruithe dearaidh a dhéanamh agus athmhachnamh a dhéanamh ar shuíomhanna tionscadail.

[7] An Dlí Idirnáisiúnta maidir leis an bhFórsa Saothair 6735.

[8] Rialachán 6575 maidir le Cead Oibre.

Conclúidí agus moltaí

109 Fuaireamar gur chuir an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc (FRIT) tacaíocht ábhartha ar fáil do dhídeanaithe agus don phobal óstach i gcomhthéacs dúshlánach. Chuir an Coimisiún feabhas ar bhainistíocht FRIT trínár moltaí 2018 a chur chun feidhme. Thug na tionscadail uile a scrúdaíodh aghaidh ar riachtanais na dtairbhithe, cé go raibh moilleanna suntasacha ar an gcur chun feidhme mar gheall ar chúiseanna éagsúla. Mar sin féin, ní dhearna an Coimisiún measúnú córasach ar réasúntacht na gcostas tionscadail. Cé gur cuireadh na haschuir bheartaithe i gcrích go dtí seo, fuaireamar amach nach leor an tomhas a rinneadh ar thionchar FRIT. Go dtí seo, ní dhearnadh an inbhuanaitheacht a áirithiú ach amháin do thionscadail bhonneagair. Cé go raibh feabhsuithe déanta ó 2018, tagaimid ar an gconclúid go bhféadfadh luach ar airgead níos fearr agus tionchar inléirithe a bheith bainte amach ag FRIT.

110 Chuir an Coimisiún ár moltaí uile ó Thuarascáil speisialta 27/2018 chun feidhme agus, dá bhrí sin, chuir sé feabhas ar bhainistíocht FRIT. Rinne sé amhlaidh trí bhéim níos láidre a chur ar bhonneagar bardasach agus ar thacaíocht shocheacnamaíoch, líon na n-ionstraimí maoinithe a laghdú agus a chreat faireacháin a fheabhsú, chomh maith le héifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid. I gcomhthéacs polaitiúil dúshlánach, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún tionscadail a thabhairt ar aghaidh d'údaráis na Tuirce agus feabhas a chur ar an timpeallacht oibriúcháin d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta). Mar sin féin, cuireann easpa tola polaitiúla ar thaobh na n-údarás náisiúnta teorainn le tionchar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin (míreanna ***16*** go ***33***).

111 Thug gach tionscadal samplaithe aghaidh ar riachtanais na ndídeanaithe agus an phobail óstaigh sna hearnálacha éagsúla. Mar gheall ar mhaoiniú ó FRIT, rinneadh leithdháileadh tapa acmhainní airgeadais agus infheistíocht shuntasach a áirithiú chun an brú ar bhonneagar sláinte, oideachais agus bardasach atá ann cheana mar gheall ar mhórphlódú dídeanaithe a mhaolú (míreanna ***35*** go ***37***). Tugadh aghaidh go leormhaith ar riachtanais na dtairbhithe le linn chur chun feidhme an tionscadail, ach ní fhéadfaí riachtanais na dtairbhithe uile a chomhlíonadh mar gheall ar theorainneacha ar mhéid an tionscadail agus ar an gcistiú atá ar fáil (míreanna ***38*** go ***48***). Cé go ndearnadh an chuid is mó de thionscadail a fhormheas ar bhealach tráthúil, bhí moill shuntasach ar a gcur chun feidhme mar gheall ar chúiseanna éagsúla. I gcás fhormhór na dtionscadal, rinne an Coimisiún idirghabháil éifeachtach agus thráthúil. I roinnt cásanna, ba iad saincheisteanna nárbh fhéidir aghaidh a thabhairt orthu faoi ghearrfhógra ba chúis le moilleanna (míreanna ***49*** go ***53***).

112 Chuir an Coimisiún tionscadail FRIT chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach agus trí chineálacha éagsúla comhpháirtithe cur chun feidhme (míreanna ***54*** go ***57***). Fuaireamar go raibh laigí i measúnú an Choimisiúin ar bhuiséid agus ar chláir ghnó na dtionscadal, ós rud é nach ndearna sé measúnú córasach ar réasúntacht na gcostas tionscadal, costais chomhchosúla idir tionscadail éagsúla a chur i gcomparáid nó costas in aghaidh an tairbhí a ríomh (míreanna ***58*** go ***60***). Ní raibh an Coimisiún in ann oiriúnacht na teorann a socraíodh le haghaidh costais riaracháin a cheistiú (míreanna ***61*** go ***63***).

Moladh 1 – Feabhas a chur ar mheasúnú agus ar fhaireachán na gcostas

Chun éifeachtúlacht a chuid tionscadal forbartha a mhéadú, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) anailís agus doiciméadú córasach a dhéanamh ar réasúntacht na gcostas tionscadail arna mbuiséadú, agus a áirithiú go bhfuil faisnéis ábhartha agus chomparáideach faoi chostais ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht chur chun feidhme an tionscadail (agus chun an méid sin a léiriú);

(b) bearta a ghlacadh lena n-áiritheofar go gcuirfear cost-éifeachtúlacht san áireamh ar bhealach níos fearr san fhaireachán agus sa mheastóireacht ar ghníomhaíochtaí a dhéanfar amach anseo;

(c) faisnéis maidir le costais riaracháin na gclár a thaifeadadh agus a anailísiú go córasach. Ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a úsáid chun tionscadail a chur i gcomparáid le chéile agus chun dea-chleachtas a shainaithint go háirithe i gcás tionscadail ardluacha.

Spriocdháta don chur chun feidhme: 31 Nollaig 2024

113 Ar an iomlán, cuireadh na haschuir bheartaithe i gcrích sna hearnálacha éagsúla (míreanna ***65*** go ***79***). San earnáil oideachais, baineadh amach an chuid is mó de na haschuir, ach níorbh fhéidir measúnú a dhéanamh ar thionchar chistiú FRIT a bhí sa sampla maidir le comhtháthú agus rath na leanaí dídeanaithe i gcóras oideachais na Tuirce. Níorbh fhéidir linn measúnú a dhéanamh ar thionchar thógáil na scoileanna ar thairbhithe ach oiread. Sin mar gheall ar theorainneacha sna sonraí a chuir Aireacht Oideachais Náisiúnta na Tuirce ar fáil (míreanna ***15***, ***69*** go ***71***).

Moladh 2 – Sonraí maidir le hoideachas a bhailiú ó údaráis na Tuirce maidir le dídeanaithe agus na pobail óstacha

Ba cheart don Choimisiún rochtain a fháil ar shonraí ó údaráis na Tuirce maidir le dídeanaithe agus maidir leis na pobail óstacha in earnáil an oideachais (e.g. an cóimheas idir daltaí dídeanaithe agus daltaí sa phobal óstach de réir an chineáil scoile, agus a rátaí freastail agus pas faoi seach), chun cuntasacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú maidir leis an bhfaireachán a dhéanann sé ar thionscadail oideachais agus chun tionchar an chistithe ghaolmhair FRIT a chinneadh.

Spriocdháta don chur chun feidhme: 31 Nollaig 2024

114 Chuir an Coimisiún bearta iomchuí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscadail FRIT. Mar sin féin, bhí creataí tuairiscithe agus faireacháin i dtionscadail deartha go ginearálta chun aschuir a thomhas, seachas na torthaí. Fágann sin gur deacair tionchar na dtionscadal a thomhas, go háirithe san earnáil shocheacnamaíoch (míreanna ***77***, ***80*** go ***84***).

Moladh 3 – Tomhas ar thionchar na dtionscadal a fheabhsú

Chun feabhas a chur ar thomhas thionchar a chuid tionscadal, ba cheart don Choimisiún oibriú i gcomhar le húdaráis na Tuirce chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) creataí loighciúla a fhorbairt tuilleadh le haghaidh na dtionscadal ábhartha uile arna gcistiú ag FRIT, lena n-áirítear táscairí atá sainithe go soiléir trí úsáid a bhaint as luachanna bonnlíne agus spriocluachanna lenar féidir tionchar a thomhas. Ba cheart go gcumasódh sé sin cuairteanna faireacháin agus meastóireachta chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchar na dtionscadal;

(b) obair leantach a dhéanamh chun staid na dtairbhithe tionscadail a sheiceáil, i gcás inarb indéanta agus praiticiúil, go dtí bliain amháin tar éis dheireadh na dtionscadal.

Spriocdháta don chur chun feidhme: 30 Meitheamh 2026

115 I bhFeabhra 2023, tharla dhá chreat talún uafásacha i ndeisceart na Tuirce agus i dtuaisceart na Siria, rud a d'fhág go raibh go leor taismeach ann agus go ndearnadh damáiste forleathan. Bhí tionchar suntasach ag na creathanna talún ar chur chun feidhme thionscadail FRIT. Mar sin féin, ghníomhaigh an Coimisiún go tapa agus go héifeachtúil chun anailís a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar thionscadail FRIT (míreanna ***87*** go ***97***).

116 Bhí an Coimisiún in ann inbhuanaitheacht na dtionscadal bonneagair a áirithiú. Níor áiríodh straitéis inbhuanaitheachta sna tionscadail in earnálacha eile, áfach, mar sin níor ráthaíodh a n-inbhuanaitheacht (míreanna ***98*** go ***108***).

Moladh 4 – Inbhuanaitheacht na dtionscadal a neartú

Chun an leas is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag cistiú FRIT ar na tairbhithe, ba cheart don Choimisiún:

(a) tús a chur le plé leis na Ballstáit agus le húdaráis na Tuirce maidir le conas inbhuanaitheacht a áirithiú. Ba cheart go n-áireofaí leis sin straitéis agus lámhleabhar aistrithe soiléir do gach tionscadal FRIT, mar aon le dátaí comhfhreagracha. Ba cheart go gcumhdófaí leis an straitéis sin maoiniú gach gníomhaíochta tionscadail amach anseo, acmhainneacht theicniúil na gcomhpháirtithe cur chun feidhme, agus cothabháil leordhóthanach (más infheidhme);

(b) rannóg maidir le ‘ceachtanna a foghlaimíodh’ a chur san áireamh i ngach tuairisciú críochnaitheach ar thionscadail, ina mbeidh torthaí agus moltaí chun inbhuanaitheacht thorthaí tionscadail a fheabhsú amach anseo.

Spriocdháta don chur chun feidhme: 31 Nollaig 2027

Ghlac Seomra III, faoi cheannas Bettina Jakobsen, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an tuarascáil seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 27 Feabhra 2024.


Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
Uachtarán

Iarscríbhinní


Iarscríbhinn I – Miondealú ar dhídeanaithe agus ar iarrthóirí tearmainn ón tSiria sa Tuirc amhail ó Nollaig 2023, de réir cúige

Dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn ón tSiria sa Tuirc amhail ó Dheireadh Fómhair 2023 de réir cúige



Siriaigh chláraithe mar chion den daonra iomlán a bhfuil cónaí orthu sa chúige
(sórtáilte ón ráta is airde go dtí an ráta is ísle)


Slisne buí: *Cion na Siriach cláraithe mar chuid de dhaonra iomlán an chúige*
Limistéar ciorcail: *Líon iomlán na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa chúige*



Is ag Kilis atá ***an cóimheas is airde de dhídeanaithe ón tSiria maidir*** *lena* ***daonra iomlán,*** *agus is dídeanaithe iad níos mó ná aon trian de chónaitheoirí an chúige*

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón Uachtaránacht ar Bhainistiú Imirce, an Tuirc.

Iarscríbhinn II – Ranníocaíochtaí saoráide ón Aontas Eorpach, ó na Ballstáit agus ón Ríocht Aontaithe



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

Iarscríbhinn III – Tionscadail forbartha FRIT

Tionscadail inár sampla iniúchóireachta

	Tráinse	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Réimse tosaíochta	Cur síos	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	EUR geallta	EUR eisíoctha
	An Chéad Tráinse	Eagraíocht neamhrialtasach idirnáisiúnta	Oideachas	*Rochtain ar an ardoideachas do dhídeanaithe Siriacha agus do dhaoine atá easáitithe ina dtír féin chun ullmhú d'atógáil iarchoinbhleachta na Siria agus do lánpháirtiú i bpobail óstacha*	15.8.2016	14.1.2021	5 969 655	5 969 655
1		**Eagraíocht neamhrialtasach idirnáisiúnta**	**Sláinte, tacaíocht shocheacnamaíoch**	***Aghaidh a thabhairt ar Leochaileachtaí Dídeanaithe agus Pobail Óstacha i gCúig Thír a bhfuil tionchar ag an ngéarchéim sa tSiria orthu***	**15.12.2016**	**28.2.2021**	**32 399 356**	**32 399 356**
		Eagraíocht neamhrialtasach idirnáisiúnta	Oideachas, tacaíocht shocheacnamaíoch	*'Building Tomorrow' (BT) — Tacaíocht d'Oideachas ar Ardchaighdeán agus do Mhaireachtáil do Shiriaigh faoi Chosaint Shealadach sa Tuirc*	15.12.2017	31.12.2021	17 280 000	16 910 166
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Bonneagar oideachais	*Bearta maidir le Fuinneamh Glan agus Éifeachtúlacht Fuinnimh do phobail óstacha sa Tuirc agus Siriaigh faoi Chosaint Shealadach*	1.3.2018	30.6.2024	40 000 000	39 800 000

Tionscadail inár sampla iniúchóireachta

	Tráinse	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Réimse tosaíochta	Cur síos	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	EUR geallta	EUR eisíoctha
2		**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta**	**Bonneagar sláinte**	***Ospidéal Stáit a thógáil in Hatay***	**1.1.2018**	**30.6.2023**	**40 000 000**	**40 000 000**
		Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe	Oideachas	*Clár oideachais agus cosanta do leanaí leochaileacha sa tSiria agus don phobal óstach, sa Liobáin, san Iordáin agus sa Tuirc*	1.1.2018	30.4.2019	31 382 891	31 382 891
3		**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta**	**Bonneagar oideachais**	***Oideachas do chách tráth géarchéime II***	**5.12.2016**	**30.6.2025**	**255 000 000**	**231 200 000**
4		**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta**	**Bonneagar oideachais**	***Bonneagar Oideachais do Ghníomhaíochtaí Athléimneachta sa Tuirc***	**22.12.2016**	**30.6.2025**	**150 000 000**	**150 000 000**
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Tacaíocht Fostaíochta do mhuintir na Siria faoi Chosaint Shealadach agus Pobail Óstacha*	16.6.2017	31.12.2022	50 000 000	50 000 000
		Eagraíocht neamhrialtasach áitiúil	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Tacaíocht Fheabhsaithe d'Iarrthóirí Tearmainn a chuaigh i bhfeidhm ar Ghéarchéimeanna na Siria agus na hIaráice sa Tuirc*	6.12.2019	5.4.2020	9 937 867	9 937 867
		Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe	Bainistiú imirce	*Feabhas a chur ar acmhainneacht Gharda Cósta na Tuirce oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála a dhéanamh*	22.8.2016	21.2.2018	20 000 000	20 000 000
		Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe	Oideachas	*Generation Found: Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don tSiria – Comhpháirtíocht UNICEF (tagairt 12)*	1.12.2015	31.12.2017	36 950 286	36 950 286

Tionscadail inár sampla iniúchóireachta

	Tráinse	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Réimse tosaíochta	Cur síos	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	EUR geallta	EUR eisíoctha
5		**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta**	**Bonneagar sláinte**	***Bonneagar sláinte in Kilis***	**13.11.2017**	**30.6.2023**	**50 000 000**	**50 000 000**
6		**Eagraíocht neamhrialtasach idirnáisiúnta**	**Oideachas**	***Ardoideachas do Shiriaigh faoi Chosaint Shealadach agus Pobail Óstacha faoi Mhíbhuntáiste sa Tuirc***	**31.12.2017**	**30.12.2019**	**4 860 615**	**4 860 615**
		Eagraíocht neamhrialtasach idirnáisiúnta	Ardoideachas	*HOPES – Deiseanna agus peirspictíochtaí ardoideachais agus breisoideachais do mhuintir na Siria*	26.4.2016	25.8.2020	2 700 000	2 700 000
		Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe	Sláinte	*Rochtain níos fearr ar sheirbhísí sláinte do dhídeanaithe ón tSiria sa Tuirc*	1.4.2018	30.6.2021	11 204 202	11 204 202
		Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Cruthú Post agus Deiseanna Fiontraíochta do Shiriaigh faoi Chosaint Shealadach agus Pobail Óstacha sa Tuirc*	1.2.2018	31.1.2023	11 610 000	11 591 158
7		**Eagraíocht Náisiúnta**	**Tacaíocht shocheacnamaíoch**	***Living and Working Together: SuTPanna a chomhtháthú le Geilleagar na Tuirce***	**26.12.2018**	**25.5.2023**	**15 000 000**	**13 352 965**

Tionscadail inár sampla iniúchóireachta

	Tráinse	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Réimse tosaíochta	Cur síos	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	EUR geallta	EUR eisíoctha
8		**Comhlacht Poiblí**	**Oideachas**	***PICTES I – Lánpháirtiú Leanaí Siriacha i gCóras Oideachais na Tuirce a chur chun cinn***	**4.10.2016**	**3.7.2019**	**300 000 000**	**297 838 560**
		Eagraíocht neamhrialtasach idirnáisiúnta	Oideachas, tacaíocht shocheacnamaíoch	*Qudra – Athléimneacht do Dhídeanaithe Siriacha, do dhaoine easáitithe ina dtír féin agus do phobail óstacha mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna na Siria agus na hIaráice*	15.6.2016	31.8.2019	18 207 812	18 207 812
9		**Comhlacht Poiblí**	**Sláinte**	***SIHHAT I – Stádas sláinte an daonra Siriach faoi chosaint shealadach agus seirbhísí gaolmhara arna gcur ar fáil ag Údaráis na Tuirce a fheabhsú***	**1.12.2016**	**31.1.2021**	**300 000 000**	**297 484 706**
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Comhtháthú Sóisialta agus Eacnamaíoch tríd an nGairmoideachas*	16.11.2017	15.8.2023	50 000 000	48 550 000
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Deiseanna Eacnamaíocha a Neartú do mhuintir na Siria atá faoi Chosaint Shealadach agus Pobail Óstacha i gCúigí Roghnaithe*	1.1.2018	31.12.2023	5 000 000	5 000 000
		Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Athléimneacht a neartú do Mhná agus do Chailíní na Siria agus na bPobal Óstach san Iaráic, san Iordáin agus sa Tuirc*	1.2.2018	31.1.2021	5 529 078	5 529 078

Tionscadail inár sampla iniúchóireachta

	Tráinse	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Réimse tosaíochta	Cur síos	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	EUR geallta	EUR eisíoctha
		Comhlacht Poiblí	Bainistiú imirce	*Tacaíocht do chur chun feidhme an Ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc an 18 Márta 2016*	4.4.2016	3.12.2019	60 000 000	60 000 000
		Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*TRP – Tionscadal Athléimneachta UNDP na Tuirce mar fhreagairt ar an nGéarchéim sa tSiria*	1.2.2018	30.6.2023	50 000 000	50 000 000
	An Dara Tráinse	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Tacaíocht fostaíochta talmhaíochta do dhídeanaithe agus do shaoránaigh na Tuirce trí fheabhas a chur ar an tionscadal maidir le naisc mhargaidh*	29.9.2020	30.6.2025	50 217 751	33 480 000
10		**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta**	**Bonneagar bardasach**	***Tógáil agus athshlánú an tsoláthair uisce agus na gcóras fuíolluisce agus bearta boga gaolmhara chun éifeachtúlacht bainistíochta uisce a fheabhsú***	**1.1.2020**	**30.6.2025**	**214 821 680**	**87 708 218**
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Bonneagar oideachais	*Oideachas do chách tráth géarchéime II*	10.8.2019	31.12.2025	100 000 000	40 000 000
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*An earnáil phríobháideach a chumhachtú chun comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a chothú sa Tuirc*	21.12.2020	20.12.2025	75 000 000	30 276 200

Tionscadail inár sampla iniúchóireachta

	Tráinse	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Réimse tosaíochta	Cur síos	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	EUR geallta	EUR eisíoctha
11		**Eagraíocht idirnáisiúnta**	**Tacaíocht shocheacnamaíoch**	***ENHANCER – Feabhas a chur ar Acmhainneachtaí Fiontraíochta le haghaidh Lánpháirtiú Socheacnamaíoch Inbhuanaithe***	**1.1.2020**	**30.6.2025**	**32 502 249**	**19 147 377**
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Tionscadal foirmiúil cruthaithe fostaíochta*	29.9.2020	30.6.2025	80 000 000	20 000 000
12		**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta**	**Sláinte**	***Bonneagar sláinte – trealamh***	**1.3.2021**	**28.2.2025**	**90 000 000**	**33 256 945**
		Comhlacht Poiblí	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Caighdeáin mhaireachtála na ndídeanaithe is leochailí a fheabhsú trí thacaíocht riachtanas bunúsach (C-ESSN)*	18.12.2020	9.12.2024	245 000 000	216 727 472
		Comhlacht Poiblí	Cosaint	*Inrochtaineacht na Seirbhísí Sóisialta ag na Mírlínte is leochailí de Shaoránaigh agus Daoine Turcacha faoi Chosaint Shealadach (PuTPanna) agus Daoine faoi Chosaint Idirnáisiúnta (PuIPanna) a mhéadú*	18.12.2020	17.12.2023	20 000 000	15 874 875
13		**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta**	**Bonneagar bardasach**	***Tionscadal feabhsaithe seirbhísí bardasacha***	**29.9.2020**	**30.6.2025**	**140 178 320**	**90 000 000**
		Comhlacht Poiblí	Oideachas	*PICTES II – Lánpháirtiú Páistí Siriacha i gCóras Oideachais na Tuirce a chur chun cinn*	21.12.2018	20.1.2023	400 000 000	355 035 342
		Comhlacht Poiblí	Sláinte	*SIHHAT 2 — deontas díreach don Aireacht Sláinte*	15.12.2020	14.12.2023	210 000 000	185 975 803

Tionscadail inár sampla iniúchóireachta

	Tráinse	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Réimse tosaíochta	Cur síos	Dáta tosaithe	Dáta deiridh	EUR geallta	EUR eisíoctha
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Comhtháthú Sóisialta agus Eacnamaíoch tríd an nGairmoideachas sa Tuirc – II*	9.12.2020	9.12.2024	75 000 000	26 500 000
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*Fiontraíocht Shóisialta, cumhachtú agus comhtháthú i bpobail dídeanaithe agus óstacha sa Tuirc*	29.9.2020	30.6.2025	42 280 000	42 280 000
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Bonneagar bardasach	*Na daoine óga leochaileacha a neartú trí bhonneagar spóirt agus óige atá níos fearr agus níos cuimsithí*	11.7.2020	10.7.2024	25 000 000	25 000 000
14		**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta**	**Tacaíocht shocheacnamaíoch**	***Tacaíocht don aistriú chuig tionscadal mhargadh an tsaothair***	**29.9.2020**	**30.6.2025**	**80 000 000**	**43 000 000**
		Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta	Tacaíocht shocheacnamaíoch	*VET4JOB – feabhas a chur ar na hionchais fostaíochta do dhídeanaithe ón tSiria agus do na pobail óstacha trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint ar ardchaighdeán agus trí phrintíseacht sa Tuirc*	1.1.2020	31.12.2023	30 000 000	24 120 294
	IOMLÁN						**3 483 031 762**	**2 829 251 843**

Foinse: An Coimisiún Eorpach.

Iarscríbhinn IV – Easpa rochtana ar shonraí maidir le hoideachas

Shínigh an Coimisiún agus Aireacht Oideachais Náisiúnta na Tuirce conradh deontais do thionscadal PICTES ag deireadh Mheán Fómhair 2016. Faoi Airteagal 16.7 de na coinníollacha ginearálta is infheidhme maidir le conarthaí deontais arna maoiniú ag an Aontas le haghaidh gníomhaíocht sheachtrach, ní mór don Aireacht gach doiciméad a bhaineann leis an gconradh a choinneáil ar feadh cúig bliana tar éis an t-iarmhéid a íoc. D'íoc an Coimisiún an t-iarmhéid an 27 Nollaig 2019, rud a chiallaíonn nach mór don Aireacht gach doiciméad a choinneáil go dtí an 26 Nollaig 2024.

Le linn ár n-iniúchta, ar an drochuair, níor thug an Aireacht rochtain dúinn ar shonraí oideachais maidir le dídeanaithe agus na pobail óstacha, in ainneoin na n-iarrataí a rinneamar arís agus arís eile. Mar a léirítear sa tábla thíos, áfach, déanann tionscadail éagsúla PIKTES faireachán ar na sonraí sin nó áirítear táscairí gaolmhara leo. Chuirfeadh na sonraí sin ar ár gcumas measúnú a dhéanamh ar thionchar thionscadail oideachais PIKTES.

Sonraí a d'iarr CIE ar an Aireacht Oideachais	Ar fáil do PICTES	Ar fáil le haghaidh PIKTES II	A ndéantar faireachán air faoi PIKTES +	Sonraí ar fáil ag an Aireacht Oideachais Náisiúnta	Táscairí gaolmhara faoi PICTES, PIKTES II nó PIKTES +
Liosta de na scoileanna a dtacaítear leo agus atá roinnte idir na cineálacha éagsúla scoile	Níl	Tá	Tá	Tá	Tá
Líon na ndaltaí Siriacha agus na ndaltaí dídeanaithe eile in aghaidh na scoile dá dtugtar tacaíocht	Níl	Tá	Tá	Tá	Tá
Líon na bpáistí lasmuigh den scoil a ath-chomhtháthaíodh isteach sa chóras scoile a bhuí leis an tionscadal	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá
Líon na ndídeanaithe atá críochnaithe sa bhunscoil agus sa mheánscoil	Níl	Níl	Tá	Tá	Tá
Líon na ndídeanaithe a chuaigh go dtí an ollscoil	Níl	Níl	Níl	Doiléir	Níl
Dídeanaithe i gcoinne an phobail óstaigh ar rátaí pas i scoileanna a fhaigheann tacaíocht	Níl	Níl	Níl	Tá	Tá

Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

Iarscríbhinn V – Obair leantach ar mholtaí a rinneadh roimhe seo i dTuarascáil speisialta 27/2018

Leibhéal cur chun feidhme:  go hiomlán;  den chuid is mó;  go pointe áirithe;  gan bheith curtha chun feidhme.

Moladh CIE	Anailís CIE ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na moltaí	
	Leibhéal cur chun feidhme	Tráchtanna
Moladh 1: Aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais na ndídeanaithe do bhonneagar bardasach agus tacaíocht shocheacnamaíoch. Spriocdháta cur chun feidhme: roimh an 31.12.2019. Baint amach iarbhír: roimh an sprioc.		
Moladh 2: Feabhas a chur ar an gcuíchóiriú agus ar chomhlántacht na cabhrach. Spriocdháta cur chun feidhme: roimh an 31.12.2019. Baint amach iarbhír: roimh an sprioc.		

Moladh CIE	Anailís CIE ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na moltaí	
	Leibhéal cur chun feidhme	Tráchtanna
Moladh 3: Straitéis a chur chun feidhme don aistriú ón gcabhair dhaonnúil go cabhair um fhorbairt. Spriocdháta cur chun feidhme: roimh an 31.12.2021. Baint amach iarbhír: fós ar siúl go páirteach.		Rinne an meath ar an gcaidreamh déthaobhach idir an tAontas agus an Tuirc ó 2018 difear do chur chun feidhme an mholta seo. D'ullmhaigh an Coimisiún nóta maidir leis an aistriú inbhuanaithe. Bhí toscaireacht na Tuirce i gcoinne an téarma 'aistriú inbhuanaithe' áfach, áitíonn siad gur cheart go mbeadh an bhéim ar chomhroinnt chothrom an ualaigh leis an Aontas. Leithdháil an tAontas €3 bhilliún sa bhreis ar dhídeanaithe sa Tuirc don tréimhse 2021-2023. Áirithítear leis an gcistiú breise sin go leanfar de phríomh-idirghabhálacha FRIT. Ag an am céanna, agus d'ainneoin drogall na Tuirce, chuir AS NEAR dlús lena iarrachtaí ceangal a chur ar údaráis na Tuirce leanúint de thacaíocht a thabhairt do dhídeanaithe tar éis dheireadh FRIT. Ar an drochuair, de réir bharaiméadar na Siria 2021, tá méadú ag teacht ar an gcomhdhearcadh sa Tuirc gur ualach ar an tír iad dídeanaithe agus gur cheart dlús a chur lena bhfilleadh. Bhí tionchar diúltach aige sin ar thionscadail FRIT a bheith á n-aistriú ag an gCoimisiún chuig údaráis na Tuirce.
Moladh 4: Feabhas a chur ar éifeachtúlacht na dtionscadal cúnaimh airgid. Spriocdháta cur chun feidhme: roimh an 31.12.2020. Baint amach iarbhír: roimh an sprioc.		

Moladh CIE	Anailís CIE ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na moltaí	
	Leibhéal cur chun feidhme	Tráchtanna
Moladh 5: Aghaidh a thabhairt le húdaráis na Tuirce ar an ngá atá le feabhas a chur ar an timpeallacht oibriúcháin le haghaidh eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta). Spriocdháta cur chun feidhme: roimh an 31.12.2019.		Tá an timpeallacht oibriúcháin d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (idirnáisiúnta) ag dul in olcas ó 2018 i leith. Dá bhrí sin, is cúlchéimniú é an dlí reatha ar chomhlachais ón dlí bhunaigh 2004, agus cuireann sé go leor bealaí ar fáil don Aireacht Gnóthaí Baile chun díriú ar eagraíochtaí neamhrialtasacha. Thug an Coimisiún aghaidh roinnt uaireanta ar an tsaincheist maidir le feidhmiú ENRanna i gcruinnithe coiste stiúrtha, i gcruinnithe de chuid na Comhairle agus in idirphlé polaitiúil ardleibhéil. Mar sin féin, cuireann easpa tola polaitiúla ar thaobh na n-údarás náisiúnta teorainn le tionchar ghníomhaíochtaí an Choimisiúin.
Moladh 6: Faireachán agus tuairisciú na Saoráide do Dhídeanaithe sa Tuirc a mhéadú. Spriocdháta cur chun feidhme: roimh an 31.12.2019. Baint amach iarbhír: 30.6.2020.		Cé go bhfuil rochtain tugtha ag údaráis na Tuirce anois, e.g. d'iniúchtaí ráitis dearbhaithe CIE in 2021-2022, tá srianta ar rochtain fós le haghaidh comhpháirtithe cur chun feidhme.

Foinse: CIE.

Iarscríbhinn VI – Iniúchadh ar an gcóras bainistíochta sonraí

Rinneamar scrúdú ar rialuithe ginearálta chóras faisnéise SUMAF agus rinneamar measúnú ar shláine, infhaighteacht agus rúndacht na sonraí atá sa chóras. Tagaimid ar an gconclúid go bhfuil rialuithe leormhaithe ag SUMAF i bhformhór na réimsí a scrúdaíodh. Tá laigí ann, áfach, i ndáil le bainistiú rochtana úsáideoirí, slándáil faisnéise agus rialuithe feidhmchláir, rud a spreagann rioscaí maidir le crioscaíl sonraí, sceitheadh sonraí, rochtain neamhúdaraithe ar an gcóras, athruithe mailíseacha ar shonraí agus neamh-infhaighteacht an chórais.

Go sonrach:

— Tá sonraí an chórais faoi bhealach an chuid is mó den am agus déantar seiceálacha éagsúla de láimh. Tá an baol ann go ndéanfar athruithe earráideacha nó mailíseacha ar na sonraí, agus go nochtfar sonraí do bhagairtí a bhaineann le láimhseáil leaganacha éagsúla den chomhad céanna.

  <u>Gníomhaíocht a rinne an Coimisiún tar éis ár n-iniúchta:</u> Tá SUMAF ag coigeartú a chóras ionas go ndéanfar, gach uair a uaslódáiltear comhad Excel, cóip a ghiniúint agus a stóráil go huathoibríoch. Tá SUMAF ag féachaint freisin ar a indéanta a bheadh sé comhpháirtithe cur chun feidhme aistriú chuig tuairisciú ar líne.

— Tá beartas pasfhocail an chórais (ó thaobh faid, castachta agus staire) lag. Chonaiceamar scáileáin chórais nach raibh ainmneacha úsáideora agus pasfhocail i bhfolach orthu, ach a bhí le feiceáil i ngnáth-théacs. Ciallaíonn sé sin gur féidir le duine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi chosaint trí bhreathnú go fisiciúil ar an scáileán.

  <u>Gníomhaíocht a rinne an Coimisiún tar éis ár n-iniúchta:</u> Tá rialacha níos déine maidir le pasfhocail tugtha isteach ag SUMAF. Ó Shamhain 2023 ar aghaidh, ní mór d'úsáideoirí pasfhocail a athrú gach sé mhí.

— Braitheann oibríochtaí SUMAF go mór ar sholáthraithe seirbhíse seachtracha. Is iad conraitheoirí seachtracha a dhéanann an dá phríomhról – eolaí sonraí agus forbróir sonraí – a chomhlíonadh. Thairis sin, tá rochtain iomlán riarthóra ag an dá ról sin ar ardán an chórais bainistíochta sonraí, ardán a úsáideann siad chun úsáideoirí a chruthú, a scriosadh, a chumasú agus a dhíchumasú. Dá bhrí sin, ní féidir deireadh a chur leis an riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhúdaraithe (amhail sceitheadh sonraí nó neamh-infhaighteacht an chórais).

  <u>Gníomhaíocht a rinne an Coimisiún tar éis ár n-iniúchta</u>: ní dhearnadh, ós rud é nach measann an Coimisiún go bhfuil sé sin indéanta ós rud é nach bhfuil i bhfoireann SUMAF ach 15 dhuine.

— Maidir leis an bpróiseas bailithe sonraí ráithiúil, fuaireamar amach nach logálann an córas ainmneacha úsáideora agus dátaí ach amháin don iontráil dheireanach de gach céim. Cuireann sé sin teorainn le hinrianaitheacht agus le cuntasacht i leith gníomhaíochtaí a rinne úsáideoirí roimhe seo. Fuaireamar amach freisin go bhféadfadh an t-úsáideoir rochtain a fháil ar chéimeanna ráithe atá curtha i gcrích cheana féin agus faisnéis a mhodhnú d'aon chéim gan údar a iarraidh.

<u>Gníomhaíocht a rinne an Coimisiún tar éis ár n-iniúchta:</u> Tá córas logála an Chórais Bailithe agus Bainistíochta Sonraí feabhsaithe ag SUMAF chun gach athrú ar luachanna sonraí a thaifeadadh (lena n-áirítear an dáta, an t-úsáideoir freagrach agus luachanna roimhe seo agus luachanna nua). Cuireadh an méid sin chun feidhme cheana féin i gcás taifid ar dhul chun cinn maidir le bailiú sonraí (i.e. taifid ar dhul chun cinn trí chéimeanna an chórais bailithe sonraí). Thairis sin, cuirfidh SUMAF gné nua leis an gcóras lena gceanglófar ar mhaoirseoir na hathruithe sin a fhormheas.

Foinse: CIE.

Iarscríbhinn VII – Moilleanna ar Chur Chun Feidhme

Uimhir an tionscadail	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Cúiseanna le moilleanna ar chur chun feidhme
1	**ENR Idirnáisiúnta – Sláinte/Tacaíocht Shocheacnamaíoch**	1. Moilleanna ar fhostú foirne mar gheall ar struchtúir chasta formheasa agus nósanna imeachta fadálacha maidir le himréiteach slándála. 2. Moilleanna ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí gairmoiliúna (mar gheall ar chinnteoireacht chasta agus deacrachtaí maidir le comhpháirtíochtaí a thógáil le geallsealbhóirí áitiúla a bhfuil speisialtóireacht acu sa ghairmoiliúint, amhail ISKUR). 3. Síneadh tionscadail ó 10 go 15 ionad pobail. 4. Paindéim COVID-19.
2	**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta — Bonneagar sláinte**	1. Bhí roinnt fadhbanna struchtúracha ann le linn tochailtí. 2. Rialacháin sheismeacha nua ó 2018 i leith, as ar eascair athruithe ar an dearadh struchtúrach. 3. Caibidlíocht fhada idir an comhpháirtí cur chun feidhme agus an Aireacht Sláinte tar éis na n-athruithe dearaidh. 4. Paindéim COVID-19. 5. Easpa athbhreithnithe chuí ar an dearadh (arna sholáthar ag an Aireacht Sláinte) ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme.
3	**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta — Bonneagar oideachais**	1. Mar thoradh ar dhíluacháil lira na Tuirce in aghaidh an euro, cuireadh buiséad breise ar fáil chun níos mó scoileanna a thógáil. 2. Paindéim COVID-19. 3. Boilsciú ard, rud a d'fhág deacrachtaí maidir le hábhair agus soláthairtí tógála a fháil. 4. Moilleanna ar cheadanna tógála a fháil do láithreacha tógála agus fadhbanna le gníomhais talún. 5. Mar thoradh ar chreathanna talún an 6 Feabhra 2023, cuireadh moilleanna breise ar chur chun feidhme an tionscadail.
4	**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta — Bonneagar oideachais**	1. Mar thoradh ar dhíluacháil lira na Tuirce in aghaidh an euro, cuireadh buiséad breise ar fáil chun níos mó scoileanna a thógáil. 2. Paindéim COVID-19. 3. Boilsciú ard, rud a d'fhág deacrachtaí maidir le hábhair agus soláthairtí tógála a fháil. 4. Moilleanna ar eisiúint ceadanna tógála ag údaráis áitiúla i roinnt suíomhanna scoile. 5. Mar thoradh ar chreathanna talún an 6 Feabhra 2023, cuireadh moilleanna breise ar chur chun feidhme an tionscadail.
5	**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta — Bonneagar sláinte**	1. Bhí an Aireacht ag iarraidh an suíomh tosaigh a athrú. 2. Bacainní cur chun feidhme a bhaineann leis an tslándáil. 3. Paindéim COVID-19. 4. Bhí gá le nósanna imeachta tairisceana nua (mar gheall ar ghanntanais ábhair agus boilsciú ard, ní bhfuarthas go leor iarratas ná ní raibh gá le tairiscintí a athbhreithniú). 5. Aimsíodh screamhuisce le linn oibreacha tochailte toisc nach ndearnadh suirbhé geolaíoch ceart le linn chéim an deartha. 6. Rialachán nua maidir le crith talún ó 2018 i leith, as a d'eascair athruithe ar an dearadh struchtúrach.

Uimhir an tionscadail	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Cúiseanna le moilleanna ar chur chun feidhme
6	**ENR idirnáisiúnta – Oideachas**	1. Moilleanna tosaigh mar gheall ar athruithe i dtimpeallacht oibre na Roinne Oideachais sa Tuirc. 2. D'éiligh ollscoileanna, mar gheall ar athrú na n-aireachtaí, comhar dlíthiúil oifigiúil le SPARK, sula mbunófaí coistí mac léinn agus oibríochtaí ar champais ollscoile.
7	**An Banc Domhanda – Tacaíocht shocheacnamaíoch**	1. Moilleanna ar nósanna imeachta earcaíochta (an fhoireann tionscadail a chur ar bun). 2. Níorbh fhéidir aon chomhaontú comhair a shíniú leis an Aireacht, ná le ISKUR (gníomhaireacht náisiúnta fostaíochta). 3. Staid eacnamaíoch dheacair (boilsciú ard, ráta ard dífhostaíochta; dúshláin phaindéim COVID-19). 4. Thóg sé níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis an anailís mhargaidh a dhéanamh. 5. Spriocanna ró-uaillmhianacha nach bhféadfaí a bhaint amach laistigh de thréimhse ama an tionscadail tosaigh. 6. Measúnú mícheart ar an staid mar atá ar an láthair ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme, ós rud é go raibh sé níos deacra ná mar a bhíothas ag súil leis sonraí maidir le dídeanaithe ón tSiria a rianú. 7. Is é an toradh a bhí ar an staid eacnamaíoch nach raibh fostóirí toilteanach oibrithe nua a fhostú agus go raibh drogall níos mó ar an earnáil phríobháideach a hacmhainneacht acmhainní daonna a mhéadú.
8	**Comhlacht Poiblí – Oideachas**	1. Mar gheall ar dhímheas lira na Tuirce, cuireadh cistí ar fáil le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, cuireadh síneadh le cur chun feidhme an tionscadail.
9	**Comhlacht Poiblí – Sláinte**	1. Moilleanna ar nósanna imeachta soláthair mar gheall ar dheacrachtaí le ceanglais a bhaineann le tionscnamh an Aontais agus boilsciú. 2. Ní dhearnadh aon mhéadú ar an mbuiséad mar gheall ar chaillteanas ráta malairte lira na Tuirce i gcoinne an euro. 3. Saincheisteanna earcaíochta ag tús an tionscadail. 4. Paindéim COVID-19.
10	**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar bardasach**	1. Easpa cumais ILBANK chun déileáil leis an gcineál seo tionscadail. 2. Thóg sé beagnach dhá bhliain ar an Oifig Thástála agus Chigireachta athbhreithniú a dhéanamh ar naoi bhfothionscadal agus iad a thabhairt chun críche. 3. Osclaíodh cúig chás cúirte le haghaidh cúig bheartán a ndearnadh difear dóibh. 4. Ba ghá doiciméid aitheantais an tionscadail a nuashonrú tar éis an leasaithe ar reachtaíocht cosanta crith talún na Tuirce, a tháinig i bhfeidhm in 2018. 5. COVID-19 (moill sé mhí go bliain amháin de thoradh air, toisc go raibh sé an-deacair cuairt a thabhairt ar shuíomhanna an tionscadail agus ní raibh foireann an bhardais an-fhreagrach maidir le doiciméid riaracháin a sholáthar). 6. Deacrachtaí agus moilleanna maidir le comhairleoirí a earcú. 7. Deacrachtaí agus moilleanna maidir le gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta. 8. Mar thoradh ar chreathanna talún an 6 Feabhra 2023, cuireadh suntasacha breise ar chur chun feidhme an tionscadail.

Uimhir an tionscadail	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Cúiseanna le moilleanna ar chur chun feidhme
11	**Eagraíocht idirnáisiúnta – Tacaíocht shocheacnamaíoch**	1. Leasaíodh dhá scéim deontais faoi dheireadh 2020, ar theastaigh am breise lena gcur chun feidhme, a bhféilire faireacháin agus dúnta. 2. Chuir staid fhadtréimhseach gan choinne COVID-19 agus iarmhairtí sa Tuirc moill ar an gcur chun feidhme. 3. Tionchar tubaisteach a bhí ag creathanna talún Kahramanmaraş an 6 Feabhra 2023 agus a éifeachtaí ar gach gníomhaíocht tionscadail a chuirtear chun feidhme sa réigiún.
12	**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta — Bonneagar sláinte**	1. Easpa acmhainneachta agus cinnteoireachta san Aireacht Sláinte. 2. Bhí ar an gcomhpháirtí cur chun feidhme athmheastóireacht a dhéanamh ar na suíomhanna a roghnaigh an Aireacht Sláinte chun ionaid sláinte imirceach (leathnaithe) a thógáil. 3. Meascán de bhoilsciú ard, de phaindéim COVID-19 agus de mheathlú ar dhálaí eacnamaíocha. 4. Easpa cumarsáide agus easpa cuntasachta maidir leis na spriocdhátaí a choinneáil i measc na bpáirtithe uile lena mbaineann. 5. Mar thoradh ar chreathanna talún an 6 Feabhra 2023, cuireadh moilleanna breise ar chur chun feidhme an tionscadail.
13	**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar bardasach**	1. Athruithe dearaidh (easpa mionsonraí i líníochtaí teicniúla i gcásanna áirithe agus athruithe ar dhearaí oibre atá beartaithe chun iad a chur in oiriúint do rialacháin nuashonraithe na Tuirce maidir le hathléimneacht ó chrith talún). 2. Síniú déanach an chomhaontaithe idir an comhpháirtí cur chun feidhme agus an tAontas mar gheall ar athchaibidlíocht ar an gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta Críochnaitheach. 3. Síniú déanach an Chomhaontaithe Iasachta agus Deontais ag an rialtas agus ag ILBANK. 4. Paindéim COVID-19 (gan cuairteanna ar an láthair ná imscrúduithe ar an láthair). 5. Moilleanna maidir le measúnuithe tionchair comhshaoil agus sóisialta a chur i gcrích i gcás conarthaí áirithe, mar gheall ar cháilíocht na ndoiciméad, rud a d'éiligh athbhreithnithe iomadúla. 6. Mar thoradh ar chreathanna talún an 6 Feabhra 2023, cuireadh suntasacha breise ar chur chun feidhme an tionscadail.
14	**Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Tacaíocht shocheacnamaíoch**	1. Plé idir an comhpháirtí cur chun feidhme agus an Aireacht Saothair agus Seirbhísí Sóisialta maidir le coinníollacha ginearálta conartha. Mhair an chaibidlíocht 20 mí. 2. Bhí an Aireacht Saothair agus Seirbhísí Sóisialta míshásta le comhdhéanamh fhoireann tionscadail an comhpháirtí cur chun feidhme. Níorbh fhéidir leanúint den chomhar go dtí go mbeadh a fhoireann tionscadail athraithe ag an gcomhpháirtí cur chun feidhme.

Foinse: CIE, bunaithe ar dhoiciméid ó thionscadal FRIT.

Iarscríbhinn VIII – Measúnú na dtionscadal

Uimhir an tionscadail	An cineál comhpháirtí cur chun feidhme	Measúnú ar riachtanais	Tráthúlacht na gníomhaíochta	Costéifeachtacht	Faireachán	Torthaí	Inbhuanaitheacht
1	ENR Idirnáisiúnta – Sláinte/Tacaíocht Shocheacnamaíoch						
2	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar sláinte						
3	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar oideachais						
4	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar oideachais						
5	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar sláinte						
6	ENR idirnáisiúnta – Oideachas						
7	Eagraíocht Náisiúnta – Tacaíocht shocheacnamaíoch						
8	Comhlacht Poiblí – Oideachas						
9	Comhlacht Poiblí – Sláinte						
10	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar bardasach						
11	Eagraíocht idirnáisiúnta – Tacaíocht shocheacnamaíoch						
12	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar sláinte						
13	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Bonneagar bardasach						
14	Institiúid Airgeadais Idirnáisiúnta – Tacaíocht shocheacnamaíoch						

	Measúnú ar riachtanais	Tráthúlacht na gníomhaíochta	Costéifeachtacht	Faireachán	Torthaí	Inbhuanaitheacht
Go maith	Cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail ailínithe go hiomlán le measúnuithe riachtanas 2016 agus 20181	Níl aon mhoill ann. Tionscadal curtha i gcrích faoin dáta atá beartaithe	Réasúntacht na gcostas arna measúnú agus arna ndoiciméadú	Bearta creata tuairiscithe agus faireacháin aschuir agus torthaí	Na torthaí beartaithe uile a baineadh amach	Tionscadal inbhuanaithe (nó is dócha go mbeidh sé inbhuanaithe) nuair a bheidh sé críochnaithe
Sásúil	Cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail atá ailínithe le measúnuithe riachtanais 2016 agus 20181 ar gach slí shuntasach	Cuireadh moill ar chur chun feidhme an tionscadail, ach tugadh aghaidh orthu go leordhóthanach	Réasúntacht na gcostas a measúnaíodh ach nach bhfuil doiciméadaithe go leordhóthanach	Bearta creata tuairiscithe agus faireacháin aschuir, ach ní torthaí	An chuid is mó de na torthaí beartaithe a baineadh amach	Tionscadal inbhuanaithe in ainneoin easpa straitéise inbhuanaitheachta
Laigí áirithe	Cuspóirí an tionscadail i gcomhréir leis na measúnuithe riachtanas ar an gcuid is mó, ach níl gníomhaíochtaí an tionscadail ailínithe leo ar gach slí	Cuireadh moill áirithe ar chur chun feidhme an tionscadail, moilleanna nár tugadh aghaidh orthu ar bhealach éifeachtach nó tráthúil	Réasúntacht na gcostas nach ndéantar a mheasúnú go córasach agus nach ndéantar doiciméadú leordhóthanach orthu	Beartaíonn creat tuairiscithe agus faireacháin aschuir ach ní torthaí, agus gníomhaíocht leantach nach ndearnadh go tráthúil	Níor baineadh amach roinnt torthaí beartaithe	Níor ullmhaíodh aon straitéis inbhuanaitheachta, agus níor ullmhaíodh gníomhaíochtaí tionscadail nach bhfuil inbhuanaithe
Míshásúil	Cuspóirí agus gníomhaíochtaí an tionscadail nach bhfuil ailínithe leis na measúnuithe ar riachtanais	Cuireadh roinnt moilleanna ar chur chun feidhme an tionscadail, moilleanna nár tugadh aghaidh orthu ar bhealach éifeachtach ná tráthúil	Bhí easpa sonraí sa bhuiséad maidir le gníomhaíochtaí tionscadail, rud a chiallaíonn nach féidir measúnú costais a dhéanamh	Ní thomhaistear aschuir ná torthaí leis an gcreat tuairiscithe agus faireacháin	Níor baineadh amach an chuid is mó de na torthaí a bhí beartaithe	Níl an tionscadal inbhuanaithe
Ní féidir a thabhairt i gcrích go fóill						

[1] In 2016, rinne an Coimisiún measúnú riachtanas le haghaidh gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha agus fadtéarmacha mar bhonn do thacaíocht fheabhsaithe ón Aontas don Tuirc maidir le géarchéim na ndídeanaithe. Tugadh cothrom le dáta é in 2018.
https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/system/files/2018-12/2016_needs_assessment_.pdf
https://neighbourhood-enlargement.ec.europa.eu/system/files/2018-12/updated_needs_assessment.pdf

Foinse: CIE, bunaithe ar dhoiciméid ó thionscadal FRIT.

Giorrúcháin

AS ECHO: An Ard-Stiúrthóireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil

AS NEAR: An Ardstiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú

CCTE: Aistriú Coinníollach Airgid le haghaidh Oideachais

C-ESSN: Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála Comhlántach

ESSN: Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála

FRIT: An tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc

IPA: An Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais

MHU: Aonad Sláinte Imirceach

PICTES: Lánpháirtiú Leanaí Siriacha i gCóras Oideachais na Tuirce a chur chun cinn

PIKTES: Lánpháirtiú Páistí Siriacha i gCóras Oideachais na Tuirce a chur chun cinn

SHIFA: Bonneagar Sláinte a neartú do Chách

SIHHAT: Stádas Sláinte an Daonra Siriach faoi Chosaint Shealadach agus Seirbhísí Gaolmhara arna gcur ar fáil ag Údaráis na Tuirce a fheabhsú

SUMAF: Tacaíocht le Faireachán a dhéanamh ar Ghníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi FRIT

Gluais

Aschur: An rud a tháirgtear nó a bhaintear amach le tionscadal, amhail cúrsa oiliúna a thabhairt i gcrích nó bóthar a thógáil.

Bainistíocht dhíreach: Go ginearálta, bainistiú ar chiste nó clár AE atá déanta ag an gCoimisiún amháin, murab ionann agus bainistíocht chomhroinnte nó bainistíocht indíreach. I gcás Shaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc, is é rialtas na Tuirce a chuireann tionscadail faoi bhainistíocht dhíreach chun feidhme.

Bainistíocht indíreach: Modh chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme trína ndéanann an Coimisiún cúraimí cur chun feidhme a chur ar iontaoibh eintiteas eile (amhail eagraíochtaí nach bhfuil rialtas acu agus eagraíochtaí idirnáisiúnta).

Colúnmheasúnú: Measúnú a dhéanann an Coimisiún ar na rialacha agus nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm faoi bhainistíocht indíreach chun a áirithiú go dtugtar cosaint do leasanna airgeadais an Aontais ar an leibhéal céanna agus a dhéantar faoi bhainistíocht dhíreach.

Costéifeachtacht: Forthorthaí beartaithe a bhaint amach i gcoibhneas leis na costais.

Creat loighiciúil: Uirlis phleanála mhionsonraithe lena gcumhdaítear cur chun feidhme, bainistíocht, monatóireacht agus meastóireacht tionscadail.

Forthorthaí: Athrú láithreach nó níos fadtéarmaí a tharlaíonn mar gheall ar thionscadal, amhail na tairbhí a eascraíonn as fórsa saothair a bhfuil oiliúint níos fearr air, nó naisc iompair feabhsaithe.

Tionchar: Na hiarmhairtí fadtéarmacha níos leithne a bhaineann le tionscadal nó clár atá tugtha chun críche, amhail sochair shocheacnamaíocha don daonra ina iomláine.

Tionscadail cúnaimh airgid: Tionscadal ina ndéantar airgead a aistriú go díreach chuig faighteoirí deiridh.

Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-06

Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-06

Foireann iniúchta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta III – Gníomhaíocht sheachtrach, slándáil agus ceartas, atá faoi cheannas Bettina Jakobsen (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Bettina Jakobsen (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Katja Mattfolk (Ceann na hOifige Príobháidí), Aino Rantanen (Ataisé na hOifige Príobháidí), Pietro Puricella (Príomhbhainisteoir), Kim Hublé (Ceann Cúraim), Ainhoa Perez-Infante, Erika Söveges agus Luis Vicente (Iniúchóirí). Thug Michael Pyper tacaíocht teanga. Chuir Alexandra Mazilu tacaíocht ghrafaice ar fáil.



Bettina Jakobsen




Katja Mattfolk



Aino Rantanen



Pietro Puricella



Luis Vicente



Alexandra Mazilu



Michael Pyper

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

HTML	ISBN 978-92-849-1869-0	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/038795	QJ-AB-24-005-GA-Q
PDF	ISBN 978-92-849-1853-9	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/190650	QJ-AB-24-005-GA-N

Cuireann an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc tacaíocht ar fáil do dhídeanaithe agus do phobail óstacha sa Tuirc. Rinneamar obair leantach ar ár moltaí ó 2018 agus rinneamar scrúdú féachaint ar chuir an tSaoráid tacaíocht éifeachtúil agus éifeachtach ar fáil. Fuaireamar gur chuir sé tacaíocht ábhartha ar fáil i gcúinsí deacra agus gur chuir an Coimisiún feabhas ar bhainistiú na Saoráide trínár moltaí roimhe seo a chur chun feidhme. Sna tionscadail ar fad a ndearnadh iniúchóireacht orthu, tugadh aghaidh ar riachtanais na dtairbhithe agus bhí na haschuir a bhí beartaithe á gcur i gcrích, ach cuireadh moill shuntasach ar chur chun feidhme mar gheall ar chúiseanna éagsúla. Ní raibh aon mheasúnú córasach ar chostais tionscadail ann, agus rinneadh tomhas neamhleor ar thionchar. Ní dhearnadh inbhuanaitheacht a áirithiú ach amháin do thionscadail bhonneagair. Tagaimid ar an gconclúid go bhféadfadh luach ar airgead níos fearr agus tionchar inléirithe a bheith bainte amach ag an tSaoráid, agus déanaimid moltaí ar mhaithe le gníomhaíocht amach anseo.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors